

Tuarascáil Bhliantúil 2009



Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilíastríúcháin na hÉireann

**“Tá an SFAÉ
tiomanta don
sármhaitheas
ina freastal ar
riachtanais
othar, trí
ghairmiúlacht
na foirne agus
trí fhlaithiúlacht
ár ndeontóirí.”**

iveblood.ie
ou get more than you give

Clár

Tuairisc an Chathaoirligh	5
Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh	13
Tuairisc an Stiúirthóra Míochaine agus Eolaíochta	17
Oibríochtaí	19
Seirbhísí Deontóra	20
Staitisticí Deontóra	24
Seirbhísí Ospidéal	26
Tástáil	27
Tástáil Aigéid Núicléasaigh (NAT)	28
Vireolaíocht	29
Diagnóisic	30
NHIRL	32
Grúpáil Deontóirí	34
Seirbhísí Breise	36
Banc Fíocháin	37
An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO)	38
Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann	40
Teiripe Aifiréise	43
Dearbhú Cáilíochta	44
Acmhainní Daonna	47
Airgeadas	51
Comhaltaí an Bhoird i 2009	53
Sonraí Teagmhála	54

A woman with short blonde hair, wearing a bright red double-breasted jacket with black accents and black trousers, stands on a balcony. She is smiling and looking towards the camera. The balcony has a glass railing. In the background, there are large windows and a glass roof structure. A red semi-transparent box is overlaid on the right side of the image, containing text.

Ár Luachanna

- Sármhaitheas Seirbhíse
- Ionracas
- Ómós
- Foghlaim
- Cuntasacht
- Comhobair

Tuairisc an Chathaoirligh



Tuairisc Chathaoirleach Sheirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann i dtaca le measúnacht ar an rialú inmheánach airgeadais ag Comhlacht Stáit don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2009, de réir Aguisín V den Chód Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

1. Admhaím, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Chomhlachta.
2. Ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, a thabhairt in aghaidh earráide, míráitis nó cailteanais ábhartha.
3. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha do SFAÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Athbhreithníonn an Bord an próiseas seo go rialta trí thuairiscí ón bPríomh-Fheidhmeannach.
 - (i) Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a shainathint agus a mheas, agus as rialuithe oiriúnacha a dhearadh agus a fheidmiú. Déantar na rioscaí seo a mheas ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfaí iad a chomhcheangal le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear clistí rialaithe, cur isteach ar na córais faisnéise, catastrófa nádúrtha agus riachtanais rialála.
 - (ii) Tuairiscíonn an bhainistíocht faoi dhó gach mí don Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

ar shaincheisteanna agus rioscaí oibríochtúla, agus ar an dóigh a mbainistítear iad. Is é ról na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo, athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar na príomhrioscaí atá bunúsach d'imeachtaí SFAÉ agus ar an gcóras gníomhartha is gá chun rioscaí dá shórt a bhainistiú, agus a gcinntí ar ábhair shuntasacha a thuairisciú don Bhord tríd an bPríomh-Fheidhmeannach.

(iii) Tuairiscíonn an Príomh-Fheidhmeannach don Bhord thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha oibre i SFAÉ, agus ar an gcomhshaol seachtrach a bhfuil tionchar aige ar rioscaí suntasacha. Nuair a shaináithnítear réimsí sa chóras a éilíonn feabhsú, breithníonn an Bord moltaí ón bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ina leith.

(iv) Cuireann an Stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil, mar aon le príomhtháscairí feidhmíochta, ar fáil don Choiste Airgeadais, atá ina fhochoiste Boid.

(v) Tá creat cuí rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil ábhair léirshainithe atá forchoimeáda d'fhaomhadh an Bhoird amháin, nó atá tarmligthe ag an Bord d'fhaomhadh cuí an Fheidhmeannais. Tá bainistiú laethúil SFAÉ tarmligthe ag an mBord agus tá teorannacha cuí ceaptha aige don Fheidhmeannas maidir le húdarú caiteachais. Tá an Príomh-Fheidhmeannach freagrach as forfheidmiú na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais.

Tuairisc an Chathaoirligh

(vi) Déantar monatóireacht ghinearálta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais tríd an gcóras atá rianaithe thuas. Ina theanntasan, athbhreithníonn Coiste Iniúcháireachta agus Comhaill an Bhoird sainréimsí rialaithe inmheánaigh mar chuid dá théarmaí tagartha.

4. Tá éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh athbhreithnithe go sásúil ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Comhaill thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Comhaill athbhreithniú foirmeálta ar na córais seo ó thaobh 2009 de, ag a gcrúinniú ar 13ú Aibreán 2010.

Riachtanais Tuairiscthe Eile

Comhall an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhaltaí Stáit

Tá an Bord tiomanta do chomhall fhorálacha ábhartha an Chóid Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2009.

Tá cód iompair gnó don Bbord, agus cód iompair d'fhostaithe, curtha i bhfeidhm. Tá an Bord tiomanta d'athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na cóid seo.

Tá glactha ag an mBord le beartas mionsonraithe taistil agus cothabhála a chloíonn le gach gné de pholasáí taistil an Rialtais.

Le linn na bliana, d'athbhreithnigh Bord SFAÉ tuairiscí ar rialuithe inmheánachha, mar aon le hathbhreithnithe rialta ar thuairiscí Bbord Leigheasra na hÉireann maidir le rialuithe oibríochta agus

comhaill, agus bainistiú rioscaí. Leanfaidh an Bord ag athbhreithniú na dtuairiscí seo agus ag obair go dlúth leis an IMB d'fhonn na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Tá an gnáthaimh diúscartha a léirítear sa Chód Chleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit' comhlíonta ag SFAÉ. Comhlíonann SFAÉ na dualgais ábhartha uile a shainítear faoi dhlí cáiníochta na hÉireann.

Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasáí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, de réir na mbeartas agus cleachtas a bhfuil glacadh ginearálta leo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí.

Tá sceideal foirmeálta ábhar aontaithe ag an mBord atá forchoimeáda go sonrach dó féin le haghaidh cinnidh, agus liosta ábhar atá tarmligthe don Fheidhmeannas. Cheadaigh an Bord an t-ábhar do lámhleabhar chomhaltaí an Bhoird. D'athbhreithnigh an Bord agus ghlac sé leis an gCód Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhleachtaí Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009.

Feidhmiú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, lena n-áirítear Cathaoirleach neamh-feidhmiúcháin a cheapann an tAire Sláinte agus Leanaí.

Tháinig an Bord le chéile 11 uair le linn na bliana, lena n-áirítear cruinniú speisialta Boird ag tús Aibreáin. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird mar a leanas:

	Ean	Feabh	Aib ⁽¹⁾	Aib ⁽²⁾	Beal	Meith	Iúil	M Fó	D Fó	Samh	Nol
Ms Maura McGrath, Cathaoirleach	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	Críoch téarma 31.08.09			
Mr Sean Wyse	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Mr Mark Moran	✓	✓	✓	✓		✓		✓	✓	✓	✓
Mr David Lowe	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓ Athcheaptha 10.12.09
Mr Dave Keenan	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓ Athcheaptha 9.10.09	✓	
An Dr Robert Landers	✓		✓	✓	✓	Críoch téarma 11.06.09					
An Dr Margaret Murray	✓	✓	✓	✓		✓	✓	Críoch téarma 31.08.09			
An Dr Cees Van Der Poel				✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓ D'éirigh as 15.12.09
An Dr Mary Cahill			✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Ms Margaret Mullett	✓	✓		✓	✓	✓	✓	Críoch téarma 31.08.09			
Ms Jane O'Brien	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Mr Gerry O'Dwyer	✓	✓		✓	✓		✓	Críoch téarma 31.08.09			
Ms Marie Keane					Ceaptha 31.05.09		✓	✓	✓	✓	✓
Ms Sinéad Ní Mháille								✓ Ceaptha 1.09.09	✓	✓	✓
Ms Katherine Bulbulia									Ceaptha 27.10.09	✓	✓
Ms Ann Horan											Ceaptha 18.12.09
An Dr Paul Browne								✓ Ceaptha 1.09.09	✓		

Tuairisc an Chathaoirligh

Faigheann na comhaltaí faisnéis chuí thráthúil, le go mbeidh an Bord in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh. Glacann an Bord le comhairle chuí neamhspleách ghairmiúil de réir mar is gá.

Cloítear leis na treoirlínte maidir le híoc táillí agus costais na gcomhaltaí Boid.

Treoirlínte maidir le breithmheas agus bainistiú Moltaí faoi Chaiteachas Caipitiúil

Tá an Bord tiomanta do chomhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Moltaí faoi Chaiteachas Caipitiúil a d'eisigh an Roinn Airgeadais in Iúil 1994 (leasaithe Ean 2005).

Tá struchtúr coiste curtha i ngníomh ag an mBord chun cabhrú le comhlíonadh éifeachtach a chuid dualgas.

	Eanáir go 30ú Aibreán Táille Bhliantúil Stíúrhóra	1ú Bealtaine go 31ú Nollaig Táille Bhliantúil Stíúrhóra	Faighte 2009*	Costais 2009
	€	€	€	€
Ms M McGrath Cathaoirleach	24,000	21,600	16,652	919
Ms K Bulbulia Cathaoirleach	N/B	21,600	4,071	1,415
Mr D Keenan	14,000	12,600	13,591	-
Mr M Moran	14,000	12,600	13,591	-
Ms J O'Brien	14,000	12,600	13,591	-
Mr S Wyse	14,000	12,600	13,591	287
Mr D Lowe	14,000	12,600	11,636	-
Ms M Mullett	14,000	12,600	9,278	-
Ms S Ní Mháille	N/B	12,600	3,828	-
An Dr P Browne	N/B	N/B	N/B	-
An Dr M Cahill	N/B	N/B	N/B	1,051
Ms M Keane	N/B	N/B	N/B	195
An Dr R Landers	N/B	N/B	N/B	761
An Dr M Murray	N/B	N/B	N/B	-
Mr G O'Dwyer	N/B	N/B	N/B	2,982
Ms A Horan	N/B	12,600	-	-
An Dr C Van der Poel	14,000	12,600	-	3,915

* Laghdaíodh Táillí Bliantúla Stíúrhóirí ón 1ú Bealtaine 2009 de réir bheartas an Rialtais.

Coiste Luach Saothair

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord chun déileáil go sainiúil le hábhair a bhaineann le tuarastal agus feidhmíocht an Phríomh-Fheidhmeannaigh. Cloíonn an Bord le beartas an Rialtais maidir le pá don Phríomh-Fheidhmeannach agus d'fhostaithe. Cloíonn an Bord leis na treoirlínte faoi íoc táillí stiúrthóirí. Ba é €181,648 tuarastal an Phríomh-Fheidhmeannaigh i 2009.

Coiste Comhairleach Míochaine

Tá an Coiste Comhairleach Míochaine comhdhéanta de Chomhaltaí Boird atá cáilithe i gcúrsaí leighis agus an fhoireann chomhairleach mhíochaine, agus tagann sé le chéile go míosúil. Tá sé mar fheidhm leis monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse na míochaine aistriúcháin agus réimsí bainteacha, tuairisciú don Bhord ar fhorbairtí dá sórt, agus an Bord a chomhairliú faoi ghníomhaíocht cuí.

Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig uaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird air. Freastlaíonn an Phríomh-Fheidhmeannach, an Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta air, freisin. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar a bhaineann le cursaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na buiséid bhliantúla caipitil agus oibríochta, na cuntais bainistíochta, árachas, soláthar, beartas cistíochta, caiteachas caipitiúil, cleachtais chostála agus socruithe bainc agus airgeadais. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord faoi thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus comhairlíonn sé faoi chinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmeálta a athbhreithníonn an Bord go rialta.

Coiste Iniúchóireachta & Comhail

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig uaire i rith na bliana, agus tá ceathrar comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí neamhspleácha seachtracha air. Freastlaíonn an Phríomh-Fheidhmeannach, an Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochta, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhail, an Cuntasóir Bainistíochta agus an tIniúchóir Inmheánach air, freisin. Tig leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair a bhaineann le cursaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúcháir Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta, na beartais chuntasaíochta, comhall na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta na n-idirbhearta móra. Casann na hiniúcháirí seachtracha leis an gCoiste chun torthaí na hiniúchóireachta bliantúla ar ráitis airgeadais an Bhoird a phlé. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta & Comhail faoi théarmaí tagartha foirmeálta a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

Clárlann Rioscaí

Sainaithníonn an chlárlann rioscaí na rioscaí straitéiseacha, cliniciúla, airgeadais agus oibríochtúla atá ann don eagraíocht, agus na rialuithe atá ann agus na gníomhartha breise is gá chun a dtionchar a íoslaghdú, dá dtarlódh a macasamhail don eagraíocht. Tá an Chlárlann Rioscaí roinnte i gClárlann Rioscaí Eagraíochtúla, Cliniciúla agus TF. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmeannaí an chlárlann rioscaí eagraíochtúla. Athbhreithníonn na comhairligh mhíochaine An Chlárlann Rioscaí Cliniciúla, agus athbhreithníonn agus nuashonraíonn Comhairle an ICT Clárlann Rioscaí na TF.

Tuairisc an Chathaoirligh

Cinntíonn an mhonatóireacht seo gur rudaí reatha iad na rioscaí a shainaithnítear, agus na rialuithe freisin, agus go sainaithnítear na rioscaí a éiríonn agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

Gnó Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil leoracmhainní ag SFAÉ chun bheith ag feidhmiú go hoibríochtúil sa todhchaí intuartha. Chuige seo, is gnóthas leantach a ghlacann siad mar bhonn i gcónaí nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach SFAÉ agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú. Tá córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird comhdhéanta de na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le:

- Sócmhainní a chosaint in aghaidh úsáide nó eagair neamhúdaraithé; agus
- Cuíthaifid chuntasaíochta agus faisnéis airgeadais iontaofa a choinneáil, lena úsáid san eagraíocht.

Is iad na príomheilimintí de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird ná:

- Córas cuimsitheach um thuairisciú airgeadais
- Buiséad Bliantúil a réitítear agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird, agus monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht in aghaidh buiséad
- Struchtúr airgeadais atá léirshainithe
- Cuíscaradh dualgas

- Léirtheorainneacha údaráis do chaiteachas caipitiúil agus athfhillteach, faofa ag an gCoiste Airgeadais
- Príomhphróisis airgeadais atá lán-doiciméadaithe i ngnáthaimh scríofa
- Stocáirimh mhíosúla a dhéanann baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann stórais
- Fíorú íocaíochta ar shonraisc soláthróirí ag baill foirne shinsearacha atá neamhspleách ar fhoireann na gcuntas iníoctha
- Seiceálacha fíoraithé agus rialuithe pasfhocal ag an gcóras airgeadais
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Gach ordú ceannaigh a bheith sínithe ag an oifigeach ceannaigh
- Sonraí stoic á bhforéileamh le huathordú
- Gach sonrasc neamhstoic a bheith sínithe agus códaithe ag bainisteoirí buiséid
- Gach sonrasc stoic a bheith meaitseáilte go neamhspleách le GRN an stórais agus ordú ceannaigh.

Tá an Bord feasach gur ceapadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistiú, seachas díothú, a dhéanamh ar an riosca go dteipfeadh orainn ár gcuspóirí gnó a bhaint amach. Ní thig le rialú inmheánach ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráitis nó cailleanais ábhartha.

Ráiteas faoi Dhualgais Chomhaltaí an Bhoird

Éilíonn an tOrdú um Bord na Seirbhíse Fuilistriúcháin (Bunaíocht) 1965, go n-ullmhóidh an Bord ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí agus caighdeáin chuntasaíochta

infheidhmithe na hÉireann, dearcadh fíor, cothrom ar staid chursaí Sheirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ní mór don Bhord:

- Cuíbheartais chuntasaíochta a roghnú agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas más míchuí é a réamh-mheas go leanfaidh Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann i mbun gnó.

Tá an Bord freagrach as cuíleabhair chuntasaíochta a choinneáil, a léiríonn go réasúnta cruinn am ar bith, staid airgeadais Sheirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann, agus a chuireann ar a chumasc a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Ta sé freagrach, freisin, as sócmhainní Sheirbhís Fuilaeistriúcháin an hÉireann a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhraith.


Forbairtí suntasacha tráchtála

Ó 2001 i leith, níor úsáid SFAÉ plasma a bhailíodh mar chuid de dheonachán lánfhola, mar bheart a ceapadh chun baol tarchuir GCJa a mhaolú. Mar sin de, tá an plasma díofa. Le linn 2009, cuireadh tús le comhráite le comhlacht tráchtála atá ag déanamh ábhar rialaithe d'anailiseoirí fola agus a bhí sásta an plasma a cheannach. Ba chéim mhór ag SFAÉ í seo agus bheartaíomar suirbhé a dhéanamh ar ár

ndeontóirí, féachaint conas a nglacfaidís le céim dá sórt. Ní raibh aon mhórfhadhbanna ag deontóirí leis an moladh seo, agus ag deireadh na bliana d'aontaigh SFAÉ téarmaí le beirt soláthróirí agus forfheidhmeofar iad faoi Ráithe 1 de 2010.

Ms Katharine Bulbulia

Cathaoirleach



“Le linn 2009 choinnigh SFAÉ soláthar seasmhach fola ar fáil d’othair inár n-ospidéal uile. Baineadh seo amach arís trí fhlaithiúlacht ár ndeontóirí agus trí thiomantas agus ghairmiúlacht na bhfoirne bailiúcháin uile a bhailigh na deonacháin seo.”

Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh



Nuair a chuir mé mo thuairisc ar imeachtaí Sheirbhís Fuilaisríúcháin na hÉireann (SFAÉ) ar fáil i 2008, rinne mé tagairt ar leith do roinnt clár um athruithe a bhí sa siúl i SFAÉ le linn na bliana sin agus a mbeadh impleachtaí leo don dóigh a d'fheidhmeofaí an Eagraíocht feasta. Ní mórán againn a d'fhéadfadh an t-athrú comhshaoil eacnamaíochta a scuab tríd an tír i 2009 a thuar, le himpleachtaí do gach earnáil. Bhí tionchar tromchúiseach ag an titim ghéar i ngníomhaíocht eacnamaíochta agus ag meath drámatúil an gheilleagair dhomhanda ar airgeadas poiblí.

Bhí ar SFAÉ, dála eagraíochtaí eile, sraith bearta costchiorraithe a chur sa siúl chun ár mbonn costais a laghdú agus, ar deireadh, praghas ár dtáirgí do chustaiméirí, freisin. Ina theanntas, thug an Rialtas isteach bearta fíorchrua chun róchaitheamh airgid phoiblí a smachtú agus bhí tionchar ag na bearta seo ar an dóigh ina bhféadfaí gnó a dhéanamh san earnáil phoiblí agus go háirithe ar an gcaidreamh idir bainistíocht agus ceardchumann maidir le cláir um athruithe a idirbheartú, agus an t-athrú riachtanach a fhorfheidhmiú chun an sábháil costais ba ghá a aimsiú.

Toisc shuntasach eile a raibh tionchar aici ar SFAÉ ab ea fógra a thug an Eagraíocht um Shláinte Dhomhanda (WHO) i Meitheamh 2009 faoi phaindéim an fhliú. Cé go raibh coinne le paindéim fhliú, tháinig fógra an WHO níos luaithe ná a raibh súil ag bunús tíortha léi, agus dá réir sin ba ghá mórfheanail agus críochnú pleannanna don paindéim fhliú a cur i gcrích in amchreat an-ghairid. Mar is eol dúinn anois bhí níos lú éifeachta ag an bpaindéim ná a rabhtas ag súil léi. Ach caitheadh an-fhuinneamh

agus acmhainní ar ullmhú SFAÉ d'éifeachtaí íomlána na paindéime domhanda, agus ar chomhthadhall le hospidéal faoi úsáid optamach fola agus bainistiú easnamh, dá mb'ann dóibh, toisc nárbh fhéidir le deontóirí fuil a thabhairt nó le SFAÉ leorsoláthar deonachán a bhailiú.

Ar an taobh dearfach de, thug sé deis do SFAÉ féachaint athuair ar chuid mhaith de na critéir iarchuir a bhí ann do dheontóirí, agus tástáil struis a dhéanamh ar shocruithe teagmhasacha a ceapadh le haghaidh cuspóirí difriúla, agus feabhsuithe a dhéanamh ar bhonn an athbhreithnithe sin.

Príomh-Fhorbairtí

Sílim go mbeadh sé tábhachtach a rá gur tharla roinnt forbairtí an-suntasacha i SFAÉ le linn 2009, ainneoin an chomhshaoil ina rabhamar ag feidhmiú agus an gá a bhí ann le costais a laghdú. Ba iadsan:

- Forfheidhmiú TIGRIS – Aibreán 2009;
- Athruithe leanúnacha sna clinicí bailithe deonachán, mar ar bogadh go haon (1) Fhreastalaí Deontóra amháin le haghaidh beirt deontóirí, agus na Freastalaithe Deontóra agus Ceannairí Foirne, chomh maith le dochtúirí agus altraí, ag déanamh féithphollta;
- Forfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta Stoc Fola, ar bhonn píolótach, i roinnt gréasán ospidéal, agus an brú chun díomailt a laghdú a thuilleadh;
- Forbairt ar Straitéis ICT mar chuid de Straitéis fhoriomlán SFAÉ, agus athstruchtúrú agus athfhiríú feidhm an ICT;

Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh

- e. Athsheoladh ár gcomhpháirtíochta le Vodafone, rud a bhfuil buntábhacht léi ó thaobh choinneáil an tsoláthair fola;
- f. Seoladh SFAÉ ar Facebook mar bhealach teagmhála lenár ndeontóirí, agus chun lucht féachana sainiúil agus deighleog dár mbonn deontóirí a spriocaimsiú;
- g. Forfheidhmiú BOSS, a ligean dúinn cinntí níos eolasbhunaithe a dhéanamh, ó tá na sonraí ar fáil go tráthúil, chomh maith le hanailís ar shonraí agus ar a dtreocht, dár n-imeachtaí uile.

Forfheidhmíodh na hathruithe uile seo i gcomhshaol caidreamh tráchtála a bhí deacair, de bharr athruithe suntasacha sa chomhshaol maicreacnamaíoch agus na sraithe asbhaintí agus cánacha a d'fhorfheidhmigh an Rialtas ar thuarastail.

Ceann de na fachtóirí suntasacha eile a chuir as don fhoireann ab ea staid reatha chiste pinsin SFAÉ, a fógraíodh a bheith dóchmhainneach i Márta 2009, agus b'údar buartha é seo don fhoireann atá ag íoc tobhaigh a ghearr an Rialtas orthu, cé nár urraíodh an ciste as a n-íocfar a gcuid pinsean amach anseo. Bhí an Bord agus an bhainistíocht ag díriú go gníomhach ar an gceart seo, d'fhonn sochair thodhchaí na foirne i gceist agus na bpinsinéirí i SFAÉ a dhaingniú.

Leanfaidh na deacrachtaí sa chomhshaol eacnamaíochta in Éirinn sa 2-3 bliain atá le teacht agus, sa chomhthéacs sin, beidh iallach ar SFAÉ tuilleadh sábhálacha costais a dhéanamh agus a praghasanna a laghdú. Níl amhras ach go dtarlóidh athrú suntasach dá bharr ar na cleachtais oibre agus

ar an dóigh a bhforfheidhmíonn an eagraíocht a gnó, má táimid chun na sábhálacha sin a aimsiú. Tá seachfhoinisí i gceist leis seo, sainaitheint deiseanna chun comhsheirbhísí agus tagarmharcáil a eagrú lenár bpiaraí, chun a chinntiú go dtugaimid luach ar airgead. Ní thig seo a bhaint amach ach trí chomhoibriú idir an bhainistíocht agus an fhoireann chun na hathruithe is gá a shainaitheint, meicníocht forfheidhmithe a aontú, agus a chinntiú go bhfeidhmeofar iad agus go mbainfear sábháil amach. Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh smacht ag SFAÉ ar chlár na n-athruithe is gá chun na sábhálacha costais a bhaint amach, seachas go mbeadh laghdaithe costais á leagan orainn ó fhoinsí lasmuigh.

Cé go bhfuil SFAÉ dírithe ar laghdú costais go príomha, agus go mbeidh sé amhlaidh sa 2-3 bliain atá romhainn, caithfidh fós déileáil go gníomhach le bagairtí reatha ar sholáthar fola agus faireachas an-láidir a choinneáil ar bhagairtí ar bith a éiríonn feasta, le go dtig linn déileáil leo go tráthúil. Ar deireadh thiar, is í príomhfheidhm SFAÉ, soláthar fola sábháilte seasmhach a chur ar fáil d'othair, agus ní chóir a bheith dall ar an gcuspóir seo nó beag a déanamh de agus sinn ar thóir laghduithe costais agus sábhálacha praghais.


Le linn 2009, choinnigh SFAÉ soláthar seasmhach fola ar fáil d'othair inár n-ospidéal uile. Baineadh seo amach arís trí fhlaithiúlacht ár ndeontóirí agus trí thiomantas agus ghairmiúlacht na bhfoirne bailiúcháin uile a bhailigh na deonacháin seo. Na hathruithe a forfheidhmíodh agus atá á bhforfheidhmiú faoi láthair ar fud na heagraíochta, ní fhéadfaí iad a dhéanamh ach trí dhú-obair na bhfoirne uile i ngach rannóg, agus táim fíor-bhuíoch

as a dtiomantas siúd. Ní mór leanúint le forbairt na foirne, d'fhonn bheith feasach i gcónaí ar a bhfuil ag tarlú i réimse an fhuilaisriúcháin agus an gá atá ann freagairt go tráthúil ar bhagairtí nó ar athruithe a thiocfaidh chun cinn sa chomhshaol.

Dúshlán tromchúiseach a bheidh ann do SFAÉ cloí leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, i bhfianaise an chomhshaoil athraithe ina bhfuil srian ar acmhainní. Mar sin féin, is gá seo a dhéanamh, agus beidh ar an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmeannaí an cheannaireacht chúí a léiriú, chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán is gá a shárú chun a chinntiú go ndéanfaidh SFAÉ gníomh de réir a cuspóra, *“freastal ar riachtanais fuilaisriúcháin othair na hÉireann”*.

Andrew Kelly

Príomh-Fheidhmeannach



“Is iad sábháilteacht, soláthar agus éifeacht a thiománann SFAÉ: sábháilteacht na dtáirgí a tháirgimid de thoradh bronntanas deontóirí, agus sábháilteacht na ndeontóirí féin; soláthar an táirge ceart ag an am ceart i gcónaí d’úsáideoirí na n-ospidéal, agus a chinntiú go bhfuil an táirge a soláthraíodh éifeachtach”

Tuairisc an Stiúrthóra Míochaine agus Eolaíochta



Is iad sábháilteacht, soláthar agus éifeacht a thiománann SFAÉ: sábháilteacht na dtáirgí a tháirgimid de thoradh bronnantas deontóirí, agus sábháilteacht na ndeontóirí féin; soláthar an táirge ceart ag an am ceart i gcónaí d'úsáideoirí na n-ospidéal, agus a chinntiú go bhfuil an táirge a soláthraíodh éifeachtach – in oiriúint don ghnó; ag cinntiú gur dearadh, déanadh, stóráladh agus seoladh é ar dhóigh a chinntíonn gur cógas éifeachtach é d'othair a éilíonn athsholáthar ceall deargfholá le hocaigin a iompar, pláitíní le fuiliú a chosc, nó táirgí plasma chun téachtadh fola a chothú in othair atá ag cur fola.

Is dúshlán mór é seo a dhéanamh ar feadh 365 lá sa bhliain, 24 uair sa lá, agus éilíonn sé foireann sciliúil thiomanta de ghairmithe eolaíochta, altranais, míochaine, TF agus tacaíochta. Éilíonn sé creat sásúil rialaithe agus próiseas rialaithe feidhmeach, agus naisc láidre le láthair oibre domhanda an eolais, lena chinntiú go bhfeictear na bagairtí agus treochtaí a éiríonn, go ndéantar iad a mheas agus go bhfeidhmítear ina leith, agus go n-úsáidtear aon eolas nua – bunúsach nó feidhmeach – mar is cuí. Cinntíonn na naisc seo go dtig le SFAÉ táirgí a sholáthar d'ospidéal na hÉireann a léiríonn na cáilíochtaí agus na caighdeáin is fearr atá ar fáil. Foirmeálar iad trí Chomhaontas Fola na hEorpa (EBA) a chruthaíonn nasc dlúth idir seirbhísí náisiúnta fola san Aontas Eorpach, agus Comhaontas na nOibreoirí Fola, a nascann an EBA le heagraíochtaí dá mhacasamhail i Meiriceá Thuaidh, san Astráil agus sa Nua-Shéalann. Déanann Comhairle na hEorpa agus eagraíochtaí agus meithil ghairmiúla eolaíochta soláthar, freisin, le haghaidh malartú feidhmiúil faisnéise agus eolais.

Sholáthraigh an gréasán domhanda seo tacaíocht luachmhar éifeachtach dúinn agus sinn ag pleanáil ár bhfreagra ar bhagairt na paindéime fliú i 2009. Is é is dócha, gur féidir le fuiláistriú an fliú a scaipeadh, ach i gcás paindéime is beag bairil go gcuirfidh cásanna a scaip mar seo méadú ar líon foriomlán na gcásanna. Ba é an baol ba mhó don soláthar fola ag fliú 2009, go dtiocfadh laghdú chomh mór sin ar líon na ndeontóirí – trí bheith ag fulaingt nó ar téarnamh ón ngalar iad féin, nó ag tabhairt aire do dhaoine eile ina dteaghlaigh a bhfuil an galar acu – nach mbeadh go leor ball foirne ar fónamh chun fuil a bhailiú, a thástáil, a phróiseáil agus a scaipeadh ar ospidéal. Trí chomhthadhall lenár gcomh-sheirbhísí fola san Astráil, sa RA, san Eoraip, agus i Meiriceá Thuaidh, chinntíomar go dtiocfadh linn inár bpleanáil agus ár bpróisis déileála leis an mbagairt, foghlaim ó thairbhí daoine eile a bhí sa chás céanna nó, i gcás na hAstráile ach go háirithe, a bhí tar éis an chéad tonn ionfhabhtaíochta a chur tharstu. Ar deireadh, níor shroich an epidéim na leibhéil tinnis sa phobal a rabhtas imníoch ina thaobh, agus níor tharla an dara tonn tinnis. Mar sin féin, b'fhiú an iarracht agus an t-am a chaitheamar ag pleanáil agus ag ullmhú, á chinntiú go raibh SFAÉ in ann í féin a eagrú le haghaidh bagartha dá shórt feasta, agus ba léiriú cinnte é ar fhiúntas agus ar luach an ghréasáin idirnáisiúnta a bhfuilimid páirteach ann.

Cé gurb é an fliú an príomhchúram a bhí againn cuid mhaith den bhliain, níl maolú go fóill ar an mbaol go leathfaidh galar athraitheach Creutzfeldt Jakob (GCJa). Ní raibh aon chásanna nua ann de tharchur an ghalair seo trí fuiláistriú le roinnt blianta, ach tá an baol ann go fóill go bhféadfadh

Tuairisc an Stiúrthóra

Míochaine agus Eolaíochta

daoine a ionfhabhtaíodh cheana – níos mó ná cúig bliana déag ó shin, b'fhéidir – ionfhabhtaíocht a scaipeadh trí dheonadh fola. Níl aon chosúlacht ann go mbeidh níos mó ná dornán fuilaeistriúchán i mbaol ar a mhéid, ach mar sin féin, tá an-ghá ann a chinntiú go nglacfaimid gach céim is féidir i gcónaí chun an baol seo a íoslaghdú. Thar na blianta, rinneamar roinnt athruithe ar ár bpróisis chun bac a chur ar bhaol GCJa ó fhuilaeistrithe – ag baint na cealla bána as gach aonad fola a bailíodh, próiseas ar a dtugtar leocalaghdú; gan deonacháin fola a ghlacadh a thuilleadh ó dhaoine a chónaigh sa RA, Tuaisceart Éireann san áireamh, ar feadh tréimhsí bliana idir 1980 agus 1996; gan ligean do dhaoine a fuair aistriúcháin iad féin, fuil a dheonadh feasta. Ina theanntasán, ó 2003 i leith táimid ag iomparáil plasma le haghaidh fuilaeistíúchán ó dheontóirí fola saorálacha in Texas, mar réamhchúram in aghaidh GCJa a scaipeadh leis an gcomhpháirt fola seo ó dheontóirí Éireannacha.

I 2009, glacamar céim eile – táirge fola monaraithe (fibrinogen) déanta as plasma na SA ag CSL Behring sa Ghearmáin, a chur in áit na comhpháirte fola ar a dtugtar crióidheascán, a dhéantar as plasma ó dheontóirí Éireannacha. Ina theanntasán, i staidéar a rinneadh in Ospidéal Ollscoil Chorcaí, cuireadh crioch leis an gcéad mheasúnú sábháilteachta cliniciúla in othair, de scapaire nua le haghaidh aistriúcháin dearcheall atá ceaptha chun aon phróitéin príoin ionfhabhtaíoch – gníomhaire ionfhabhtaíoch GCJa – a bhaint as deonacháin fola. Rinneadh measúnú oibríochta breise ar an scapaire nua seo ag Ospidéal Ginearálta an Chabháin, agus is faoin Roinn Sláinte agus Leanaí é anois a shocrú cibé an cóir an beart seo a chur i ngáthúsáid, mar tá measúnú

mionsonraithe sainordaithe acu ar an teicneolaíocht, na costais agus na buntáistí féideartha a bhaineann léi, ón Údarás Faisnéise agus Cáilíochta Sláinte.

Is cosúil go raibh tástáil deontóra nua le teacht amach do GCJa i 2009, agus rinneadh cuid mhaith mionphleanála faoina coinne, lena n-áirítear comhairliúchán fairsing le deontóirí ar fud na tíre. Ar deireadh, caithfear an teicneolaíocht nua a phromhadh i dtrialacha allamuigh, agus tá an t-ionchas le tástáil iarchurtha go fóill.

Ba ghá aghaidh a thabhairt le linn na bliana, freisin, ar theorainn aoise na ndeontóirí fola a ardú go 75 bliain, ar athruithe iarchuir i gcás slaghdáin agus spuaic shlaghdáin, míochaine brú fola agus mígréin; ar an mbuairt faoi scaipeadh an ghalair deinge a iompraíonn an corrmhíoll sna Meiricí, in Oileáin Cape Verde agus áiteanna eile, agus an galar babesiosis a iompraíonn an sceartán i SAM, mar aon leis na gnáthamhrastaigh, maláire, trypanosomiasis, Chikungunya agus fiabhras na Níle Thiar.

Níl an fuilaeistíú roghnach – déanaimid é toisc nach bhfuil rogha againn, ní toisc go dteastaíonn uainn. Níl aon mhíochaine mhalartach ann dóibh siúd a éilíonn aistrithe fola de bharr tráma, máinliachta nó galair. Chun an mhíochaine seo a sholáthar go leanúnach ar na caighdeáin is airde sábháilteachta agus seirbhíse, éilítear iarracht leanúnach bhuan ar ardchaighdeán ó SFAÉ agus ón bpobal.

Dr William Murphy

Stiúrthóir Míochaine & Eolaíochta
MD, FRCPEdin, FRCPath

Oibríochtaí



Seirbhísí Deontóra



Cinntíonn comhiarrachtaí Seirbhísí Deontóra agus na Margaíochta go mbailítear 3,000 aonad lánfhola gach seachtain. Aimsítear seo go príomha le promóisin,feasacht, cumarsáid dhíreach, ócáidí, comhpháirtíochtaí agus fógraíocht.

Dámhachtainí Deontóra

Eagraíodh searmanais Dámhachtainí Deontóra i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Ceatharlach, Ceanannas agus Bealach Féich. Bronnadh onóir ar 661 deontóir in iomlán, le deor órga do 50 deonachán, agus bronnadh peileacán do 100 deonachán ar 61 deontóir. Is ócáidí ar leith iad na searmanais dámhachtana a thugann deis don eagraíocht buíochas a ghabháil le deontóirí as a ndílseacht agus a dtiomantas fadseasmhach do shábháil beatha daoine. Ar gach ceann de na hócáidí seo, insíonn othar a fuair fuil a scéal féin, ag míniú go fírinneach do dheontóirí fíorluach na mbronntanas a shábhálann beatha. I 2009, tharla an chéad searmanas dámhachtana san Iarthuaisceart, i mBealach Féich, Co. Dhún na nGall, agus d'éirigh thar barr leis, le deontóirí ó na contaetha máguaird ag freastal air.

Brandáil


I 2009 tharla gur seoladh fógra nua TF a chuir go suntasach le forbairt an bhanda, le fógraíocht sa phreas, ar raidió, allamuigh agus ar líne. Bhí an-ghlacadh leis an mana reatha, “giveblood.ie – you get more than you give” ag deontóirí nua agus rialta, a iontamhlaíonn iad féin leis an sásamh altrúioch a mhothaíonn siad, agus fios acu go bhféadfadh deor amháin fola beatha a shábháil.

Comhpháirtíochtaí

In Aibreán, chuaigh SFAÉ i bpáirt le Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath chun tacú leis an tionscnamh 'One City, One Book'; ba shocrú an-chuí é ó ba é 'Dracula' le Bram Stoker an leabhar. Thug an feachtas míosa bolscaireacht uathúil do SFAÉ ar raon leathan de mheáin Bhaile Átha Cliath agus ar Nuacht RTÉ1. Bhí tionchar nach beag aige seo ar an méadú 8% ar stoic fola in Aibreán, i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Tháinig borradh breise ar chomhpháirtíocht SFAÉ leis na Forsaí Cosanta nuair a tugadh tacaíocht dá gCeolchoirm Mhór Bhliantúil sa Cheoláras agus fótasiút spóirt ag Seó Capall Bliantúil Bhaile Átha Cliath leis an mBuaiteoir Puissance, an Capt. Shane Carey, agus deontóir fola todhchaí, Caitlín Pierce. D'éascaigh na fórsaí cosanta clinicí luachmhara bailiúchán fola do SFAÉ ag Dún Chathail Bhrugha, ag an gCurrach agus ag Dún Mhic Aoidh ar roinnt ócáidí i rith na bliana.

I Samhain, d'athnuamar an chomhpháirtíocht le Vodafone Ireland a gheallann 1 milliún téacs-teachtaireachtaí saora gach bliain. Tá an-éileamh ar fad ag deontóirí ar an modh cumarsáide seo, a thug rátáil sásaimh de 99.9% tríd an tseirbhís. Éascaíonn na téacsanna cumarsáid fhíor-ama a mbíonn éifeacht an-dearfach aige ar sholáthar fola, arís is arís eile. Bhí Vodafone chun tosaigh i gcónaí ag tacú leis an tionscnamh seo agus iad tiomanta do shábháil beatha daoine trí theicneolaíocht shoghluaiste.





Taighde

Cuireadh an dara suirbhé 'Topbox' i gcrích i 2009, le leibhéil sásaimh deontóirí ag ardú i mbunús clinicí na tíre. Déantar an suirbhé seo sa RA agus tá feidhmíocht na hÉireann ag teacht go han-mhaith leis na tagarmharcanna a leagtar síos thar lear. Léiríonn an taighde, freisin, gnóthachain i dtiomantais tomhaiste na ndeontóirí, rud ab ionann agus ábhar misnigh i dtéarmaí athruithe iompair i measc deontóirí.

Mar chuid d'fhorbairt ar bhealaí nua diúscartha d'fhothairgí, rinneamar suirbhé ar dheontóirí faoina dtuairimí agus a gcomhghlacadh maidir le fotháirge plasma a sholáthar do chomhlacht a dhéanann tástálacha saotharlainne bainteach le cúram sláinte. Dúirt 92% de na freagróirí go nglacfaid siad le húsáid a bplasma amhlaidh agus bhí 86% ag aontú gur céim dhearfach í seo ag SFAÉ.

Rinneadh suirbhé gairid ar son Chumann Haemacrómatóis na hÉireann chun feasacht faoin staid seo i measc phobal na hÉireann a thomhas, agus ba é an toradh gur chuala 61% de fhreagróirí faoin staid, go raibh aithne ag 41% ar dhuine a raibh Haemacrómatóis acu, agus go raibh an staid féin ag níos lú ná 5%.


Meáin

I 2009, cuireadh roinnt breiseanna nua le himeachtaí sna meáin, lena n-áirítear comhpháirtíocht le Spin 1038, a bhí spriocdhírthe go háirithe ar dhaoine faoi 35. Ba chuidiú an chomhpháirtíocht trí mhí chun promóisin, feasacht agus deonacháin bhreise a chinntiú le linn phaindéim H1N1.

Chuir 'Blue Crew' Q102 an chlinic i Steach Lorgan, Baile Átha Cliath chun cinn, ag éascú poiblíocht don chlinic le linn míonna dúshlánacha an tsamhraidh.

Seoladh leathanach Facebook SFAÉ agus ghnóthaigh sé beagnach 10,000 leantóir sa chéad 8 mí, gan fógraíocht ar bith. Is fiontar nua ag an eagraíocht an meán seo agus chuir deontóirí, faighteoirí agus lucht tacaíochta araon an-fháilte roimhe. Lamhálann an líonrú sóisialta seo teagmháil fíor-ama ag SFAÉ le deontóirí ar bhealach an-éifeachtach.

“Seoladh ár leathanach Facebook agus ghnóthaigh sé beagnach 10,000 leantóirí sa chéad 8 mí”



Lá Domhanda an Deontóra Fola

Seoladh Lá Domhanda an Deontóra Fola i mBealtaine le cabhair ó roinnt d'imreoirí Rugair na Mumhan agus ó shonóg SFAÉ, leis an téama 'Tabhair Fuil, Sábháil Beatha Triúir'. Chuimsigh ceiliúradh LDFD feachtas fógraíochta 2 seachtain, promóisin sráide ar fud na tíre, searmanais damhachtainí deontóra agus ócáid dámhachtainí corparáideacha ag an Lárionad Náisiúnta Fola. Bhronn faighteoir fola agus comhshaolaí, Duncan Stewart, dámhachtain ar raon leathan comhlachtaí a thugann tacaíocht do thionscnaimh na farrantóireachta oibre agus na fuilmhóibile.


“Seoladh Lá Domhanda an Deontóra Fola i mBealtaine le cabhair ó roinnt d'imreoirí Rugair na Mumhan agus ónár sonóg féin, leis an téama ‘Tabhair Fuil, Sábháil Beatha Triúir’.”

Staitisticí Deontóra


Léiríonn staitisticí nua atá ar fáil, leitheadúlacht deonachán fola de réir contae, ag taispeáint gurb ag an gCabhán atá an líon i mó deontóirí in aghaidh míle duine.

Cuimsíonn an deich gcontae is fearr Port Láirge, Muineachán, Ceatharlach, Loch Garman, Luimneach, Uíbh Fháilí, Tiobraid Árann, Liatroim agus Corcaigh. I mBaile Átha Cliath taispeántar 40 in aghaidh míle duine ag tabhairt fola i gcomparáid le beagnach 78 in aghaidh míle sa Chabhán.


10 sárchontaetha deontóra




Contaetha leis an líon is mó deontóirí in aghaidh míle den daonra



Deontóirí 2008 vs 2009




% sa mhí de dheontóirí céaduaire



- EAN
- FEABH
- MÁR
- AIB
- BEAL
- MEITH
- IÚIL
- LÚN
- M.FÓ
- D.FÓ
- SAMH
- NOL

Deonachán de réir Míosa, Comparáid 2008 v 2009

2008 2009



Seirbhísí Ospidéil

Ionchorpraíonn Seirbhísí Ospidéil bainistíocht, storáil, pacáistiú agus scaipeadh fola, comhpháirteanna fola agus táirgí teiripeacha monaraithe. Soláthraíonn sé nasc fíor-riachtanach i slabhra an tsoláthair idir na hospidéal agus Seirbhísí Ospidéil SFAÉ, atá lonnaithe san NBC agus in Ionad Chorcaí.

Tá an fhoireann seo freagrach as dáileadh slán sábháilte na dtáirgí uile a scaoiltear chun othair a chóireáil, agus oibríonn sí go dlúth le Comhpháirteanna. Feidhmíonn Seirbhísí Ospidéil ar bhonn 24/7. Clúdaíonn sé freisin an fheidhm iompair chun deonacháin a bhailiú ag clinici ar fud na tíre nuair is gá, agus tugann sé seirbhís sheachadta fola d'ospidéal ar fud na tíre ar bhonn laethúil.

Nuair a tugadh isteach athruithe sna cleachtais oibre ag deireadh 2008, bhí deis ann chun próiseáil na ndeonachán fola a shruthlíniú i 2009. Déanann foireann thiomanta Chomhpháirteanna anois gach próiseáil, lipéadú, agus fíorú lipídí mála na dtáirgí, agus scaoileann siad le heisiúint iad do Sheirbhísí Ospidéil. Tá ionaid shainithe anois ag an tsaotharlann chun próiseáil phríomha agus thánaisteach a dhéanamh, agus chun orduithe stoic neamhghnáthaimh a eisiúint.

Fuil & Táirgí Fola a Eisíodh		
Táirge	2009	2008
Deargchealla & Lánfhuil	142,459	141,364
Pláitíní – Dáileoga Teiripeacha	26,256	24,415
Plasma Reoite	447	474
Octaplas	23,401	23,856
Plasma Criólaghdaithe	39	-
Crióidheascán	1,316	2,717
Fachtóir VIIA (xIU)	286,950	276,120
Frith-Throimbin III (xIU)	-	1,500
Athchuingreacht Fhachtóir VIII (xIU)	30,979,500	30,521,500
Fachtóir Von Willebrand (xIU)	1,057,500	752,000
Athchuingreacht Fhachtóir IX (xIU)	8,912,250	10,486,500
Próthroimpléacs (xIU)	481,200	480,600
Fachtóir XIII	6,000	4,000

Tástáil



Tástáil Aigéid Núicléasaigh (NAT)

Tá an tsaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (NAT) lonnaithe san NBC agus déanann sí tástáil náisiúnta na ndeonachán fola ó gach ionad de SFAÉ. Aimsíonn NAT leibhéil an-íslé RNA/DNA víreasach nach bhféadfaí a aimsiú, b'fhéidir, leis na measúnachtaí séireolaíochta reatha atá molta, le linn na gcéimeanna tosaigh d'ionfhabhtaíocht, nuair atá tréimhse fhuinneogach réamh-shéireathionaithe ann.

Sa chéad ráithe de 2009, thástáil saotharlann NAT deonacháin (i mionlinnte de 8 deonachán; MP-NAT) ag úsáid Measúnacht Novartis Procleix HIV-1/HCV. Is é atá sa mheasúnacht Duplex seo, córas measúnachta cáilíochtúil in vitro um thástáil aigéid núicléasaigh, á Aimpliú trí Mheán Trascríofa, d'fhonn Víreas Imdhíonachta Daonna, tíop 1, agus/nó víreas RNA Heipitíteas C, a aimsiú i bplasma daonna. Tá an mheasúnacht seo an-íogair agus an-sainiúil i leith aigéidí núicléasacha víreasacha, agus tig léi ionfhabhtaíocht a bhrath níos luaithe ná modhanna scagthástála eile, rud a chúngaíonn an tréimhse fhuinneogach. Chun go n-éireoidh le tástáil NAT tá sé criticiúil go gcoscfaí cros-éiliú laistigh den tsaotharlann féin agus idir samplaí próiseáilte freisin.

Ón 27ú Aibreán 2009, thug saotharlann NAT isteach Deonacháin Indibhidiúla (ID) – NAT, ag úsáid ardán Tigris i gcomhar leis an mheasúnacht Ultrio HIV-1/HCV/HSV. Is córas iata lán-uathoibríthe é gléas Tigris chun deonacháin indibhidiúla a NAT-tástáil le measúnacht Ultrio Procleix. Is measúnacht ilphléacs TMA í measúnacht Ultrio Procleix chun RNA an Víreas Imdhíonachta Daonna tíop 1 (HIV-1), RNA Víreas Heipitíteas C (HCV) agus DNA víreas Heipitíteas B (HBV) a bhrath i bplasma daonna.

Déanann an gléas bainistíocht fardail, agus tá raon leathan rialuithe próisis ionsuite ann chun comhall cGMP a chinntiú. Trí bhrath DNA an HBV a chuimsiú tugtar teorainn bhreise sábháilteachta don soláthar fola. Tá léirithe ag an measúnacht Ultrio go bhfuil ar a cumas íosualach víreasach a bhrath i ndeonacháin le linn fhuinneog réamh-shéireathionaithe na hionfhabhtaíochta, tríd an gcéad chás de tháirgeacht HBV NAT a bhrath i nDeireadh Fómhair 2009.

Coinnítear sampla cartlainne de gach deonachán. Tástáladh gach deonachán a bailíodh i 2009 sa tsaotharlann, agus níor ghá an plean tástála um Theagmhas Seachtrach atá ag SFAÉ le Seirbhís Náisiúnta Fuilaeistriúcháin na hAlban (SNBTS) a ghairm.

Cinntíonn Rialú Cáilíochta NAT go ndéantar monatóireacht cruinn ar íogaire anailíseach agus ar ath-intáirgtheacht measúnachtaí scagthástála d'Fhuil NAT. Úsáidtear freisin samplaí ó Rialuithe Cáilíochta Seachtracha (EQCs) chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar chomhsheasmhacht in íogaireacht na mbaisceanna imoibrí. Cuimsíonn na measúnachtaí Procleix Novartis Calabróirí (Diúltach, HIV-1, HCV, HBV (measúnacht Ultrio, amháin), Réim-Rialuithe (measúnacht Ultrio amháin) agus Rialú Inmheánach (IC). Cuirtear an IC le gach sampla tástála trí Imoibrí Spriocaimsithe oibríthe (wTCR) a chur leis. Úsáidtear an IC chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú agus chun a chinntiú go bhfuil na próisis mhonaireachta uile ag feidhmiú i gceart. Úsáidtear Réim-Rialuithe Tigris tar éis tástáil a dhéanamh ar gach 100 sampla i ngach liosta oibre. Caithfidh torthaí Calabróirí teacht leis na sonraíochtaí measúnachta.

Víreolaíocht

I 2009, trí chomparáidí idir saotharlainne, agus ag úsáid bogábhar EDC Net agus páirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtracha (EQAS), tig athbhreithnithe piara a dhéanamh le húsáideoirí Novartis agus neamh-Novartis ar mheasúnachtaí NAT ar fud an domhain. Tá siad seo uile sásúil agus níl aon neamhréitigh le tuairisciú. Is tionscnamh de chuid an National Serology Reference Laboratory, Australia (NRL) é EDCnet (féach www.nrlqa.net).

Tá saotharlann NAT tiomanta d'fheabhsú leanúnach próiseas NAT, mar a léirigh siad trí ghníomhartha Ceartaithe agus Cosccha a fheidhmiú, de thoradh na dTuairiscí um Theagmhais Cháilíochta agus tuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaigh. Ina theanntasan, éascaíonn páirtíocht sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta laistigh de SFAÉ forfheidhmiú athruithe, trí Rialuithe um Athruithe agus Orduithe um Athruithe, d'fhonn próisis NAT a fheabhsú.

“Tá saotharlann NAT tiomanta d'fheabhsú leanúnach phróiseas NAT”

Faigheann na saotharlanna víreolaíochta

Sampla de shéiream téachtaithe ó gach deontóir ag am an deonacháin agus sainaitheantar é le barrachód uathúil, mar shainaitheantóir, ag am an deonacháin. Tástáiltear an sampla le haghaidh láithreach sainmharcóirí víreasacha a d'fhéadfaí a tharchur le fuilaisriú. Tástáladh breis agus 160,000 deonachán i 2009.

Déantar na tástálacha seo le cabhair an trealaimh ghéiliúil eGMP (dea-chleachtas monaraíochta) is déanaí. Nuair a bhíonn na tástálacha uile críochnaithe agus má bhíonn torthaí sásúla faighte, pasáiltear an t-aonad agus cuirtear lipéad air lena eisiúint, ar acht go bhfuil sé diúltach é i leith Aigéid Núicléasaigh.

Déantar na tástálacha séireolaíochta a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad faoi shainordú do gach deonachán.

- Aintigin dromchlach Heipitéas B (HBsAg) agus antashubstaint do chroí Heipitéas B
- Antashubstaint do Víreas Imdhíonachta Daonna 1/2
- Antashubstaint do Víreas Heipitéas C
- Antashubstaint do Víreas T-Liomfatórúch Daonna I & II
- Antashubstaint do Treponema Pallidum, gníomhaire cúiseach Siflise.

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítímeigiliviris (CMV) chun go mbeidh soláthar de dheonacháin Chítímeigiliviris dhiúltaigh ann do na hothair a éilíonn é, e.g. othair imdhíonlagaithe. Stóráiltear séiream samplach (sampla cartlainne) reoite, freisin, as gach deonachán.

Diagnóisic

Déanann an tsaotharlann trialacha scagthástála le haghaidh marcóirí víreasacha do ranna éagsúla laistigh de SFAÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíocháin chroíchomhlaí agus samplaí ó chlár thástála maidir le rianú faighteoirí.

Cinntítear cáilíocht na gcóras tástála trí chaighdeán an 'National Institute of Biological Standards and Controls, UK' a úsáid mar rialuithe 'gluais/stad' ar gach sraith tástála. Cinntíonn seo go bhfuil an trealamh ag feidhmiú ar an gcaighdeán is airde. Tá an tsaotharlann páirteach i gclár monatóireachta a ligeann do SFAÉ comparáid a dhéanamh le torthaí na nIonad Fola sa RA.

Glacann an tsaotharlann páirt freisin sa chlár faireachais a reáchtálann an tSeirbhís Náisiúnta Fola/an Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte. Déantar monatóireacht ar na rátaí dearfacha agus na rátaí imoibríoch a deimhníodh agus ar na torthaí deimhnithe, ag úsáid lotuimhreacha éagsúla imoibrithe leis an Údarás Náisiúnta Fola. Gintear tuairisc fhógartha a mhionsonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí na rátaí imoibrithe.

Bíonn an tsaotharlann Víreolaíochta páirteach in dhá chlár oilteachta, ceann amháin a scaipeann an National Institute for Biological Standards and Control sa RA agus an dara ceann a scaipeann VQC-Acrometrix i gcomhar leis an National Serology Reference Laboratory (NRL na hAstráile).

An tsaotharlann dhiagnóisice, Baile Átha Cliath
Soláthraíonn an tsaotharlann dhiagnóisice san NBC seirbhísí Imdhíon-haemateolaíochta Deargcheall agus Réamhbhreithe d'ospidéal ar fud na tíre.

Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraíonn an tSaotharlann Dhiagnóisice:

- Soláthar d'fhuil feinitíopáilte (nach bhfuil ar fáil ón seif)
- Soláthar d'fhuil chrosmheaitéilte do chásanna crua agus d'ospidéal gan Saotharlanna Fuilaeistriúcháin
- Imscrúdú fadhbanna antashubstainte
- Imscrúdú Imoibrithe Haemalaíochta Fuilaeistriúcháin
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála
- Imscrúdú ar Thástálacha Díreacha Frithghlobailín deimhneacha (othair agus deontóirí)
- Imscrúdú ar Ainéime Haemalíoch Uathimdhíonachta
- Imscrúdú ar Ghalar Haemalíoch na Naíonán Nuabhreithe (HDN)
- Cosc HDN trí Gnáth-Scagthástáil Réamhbhreithe na dtoircheas i mbaol (Cuimsíonn sé cainníochtú Frith-D agus toirtmheascadh antashubstaintí atá suntasach go clínicíúil)
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith, do thoirchis i mbaol
- Comhairle eolaíochta do chomhghleacaithe ospidéal
- Feinitíopáil shínte d'othair atá ag brath ar fhuilaeistriúcháin.

In iomlán, tarchuireadh 2300 sampla i 2009. Tugadh méaduithe faoi deara i gcás Tíopáil ABO/D (16%), uasoibriú Rh D (33%), DAT (21%), Tástáil Comhoiriúnachta (28%), Imscrúdú Antashubstaintí (18%) agus feinitíopáil samplaí othar (9%).

Tá an tSeirbhís Éigeandála Dearthaíocht Imdhíon-haemateolaíochta Ar ghlaoch ag feidhmiú go maith i gcónaí, d’othair a éilíonn Imscrúdú antashubstainte/ tástáil Comhoiriúnachta atá práinneach go clínicíúil. Tá 80 cás ina raibh Eolaí de dhíth chun seirbhís a sholáthar i 2009.

Cuireadh ‘Lámhleabhar úsáideora’ don tSaotharlann Dhiagnóisice ar fáil ar shuíomh gréasáin SFAÉ www.giveblood.ie sa chéad ráithe de 2009. Tá sé beartaithe Suirbhéanna ar Shásamh Úsáideoirí Dhiagnóisice a dhéanamh i 2010, chun aon réimsí suntasacha a éilíonn feabhsú agus forbairt sa tseirbhís saotharlainne a shainnithint.

Rinne an tsaotharlann obair ullmhúcháin chun cur isteach an chreidiúnú ISO 15189.

**“Cuireadh
‘Lámhleabhar
úsáideora’ don
tSaotharlann
Dhiagnóisice ar
fáil ar shuíomh
gréasáin SFAÉ
[www.giveblood.
ie](http://www.giveblood.ie) sa chéad
Ráithe de 2009”**

Saotharlann Dhiagnóisice Chorcaí

Soláthraíonn Saotharlann Dhiagnóisice Chorcaí seirbhísí imdhíon-haemateolaíochta clinice agus saotharlainne a chuimsíonn: gnáthsheirbhísí seireolaíochta d’ospidéal Chathair Chorcaí, seirbhís tagartha d’ospidéal i réigiúin na Mumhan ar bhonn 24/7, próiseáil thánaisteach lasmuigh d’uaireanta oibre, modhnú comhpháirteanna agus ullmhóidí speisialta d’othair pheidiatracha. Imscrúdaíonn an tSaotharlann Dhiagnóisice freisin imoibríthe fuilaisríocháin amhrasta sna hospidéal uile a gcuirimid seirbhísí comhoiriúnachta ar fáil dóibh. Tá dualgas ar an tSaotharlann Dhiagnóisice a chinntiú go bhfuil na comhpháirteanna pláitíní diúltach, trí thástáil bhaictéarach a dhéanamh orthu nuair atá siad á n-eisiúint.

Le linn 2009, bhí gníomhaíocht Shaotharlann Dhiagnóisice Ionad Chorcaí mar a leanas:

- Athraíodh 5,983 sampla chuig an tSaotharlann; rinneadh tástáil chomhoiriúnachta ar 2,871 sampla agus eisíodh 6,613 ullmhóid dheargcheall chomhfhreagracha.
- Rinneadh 672 Imscrúdú Antashubstainte, ar shamplaí tagartha 409 acu, a fuarthas ó ospidéal le bainc fola. D’éiligh siad seo saineolas agus taithí fhoireann Dhiagnóisice Ionad Chorcaí chun antashubstaintí neamhghnácha a shainnithint agus le haghaidh imscrúduithe eile.
- Cinneadh go raibh Feinitíopa Rhesus ag 600 othar agus rinneadh 5,504 tástáil tíopála Antaigine bhreise.
- Rinneadh 1,708 Tástáil Dhíreach Frithghlóbailín agus d’éiligh 643 acu DCT Monashainiúil.

NHIRL

- Imscrúdaíodh 20 imoibriú fuilaisriúcháin amhrasta.

As na samplaí a fuarthas, bainistíodh 929 mar éigeandálacha laistigh den lá oibre (i.e. lasmuigh de ghnáthbhaisceanna) agus ina theanntasan, próiseáladh 983 mar éigeandáil lasmuigh de ghnáth-uaireanta ag an bhfoireann dualgas tráthnóna/oíche.

Aistríodh go Banc Fola Ospidéal Ollscoil Chorcaí, 910 comhpháirt dheargcheall nár forfheidmíodh go cliniúil in Ospidéal Ortaipéideach Mhuire, Ospidéal Ollscoile na Trócaire agus an Otharlann Theas, Ospidéal Victoria Teoranta. Fuilaisríodh 895 (98.4%) acu seo ag OOC ina dhiaidh sin.

Aimsíodh 100% de Chomhall Inrianaitheachta le cabhair Córais Inrianaitheachta 'Bag & Tag'. Tá an lámhleabhar inrianaitheachta ar fáil ag www.giveblood.ie/clinical_services/hospital_services/traceability.

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histeachomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (NHIRL)

Soláthraíonn an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histeachomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (NHIRL) raon cuimsitheach seirbhísí tástála cliniúla a saincheapadh chun tacaíocht a thabhairt do na cláir thrasphlandaithe gascheall allaighéineach haemaiteapóiteach (HSCT) in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire um Leanaí Breoite, Cromghlinn. Tíg HSCT a úsaid chun leicéime, siondróim cliste smeara agus neamhoird meitibileach ón mbroinn a chóireáil.

Aimsíonn an tsaotharlann tíopa na hantaigine leocaicíte daonna (HLA) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú, chun cuidiú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha amháin, bunaithe ar imoibriú slabhrach polainnéaraise (PCR) chun na géinte a chódaíonn na móilíní HLA a shainiú. Tíg leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a aimsiú, a idirdhealaíonn ailléil indibhidiúla agus géinte HLA.

Tá clár fairsing um dhearbhu cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear páirtíocht i gclár thástála oilteachta inmheánacha agus sheachtracha do thíopáil HLA, geinitíopáil antaigin pláitíní daonna (HPA) agus imscrúduithe antashubstaintí HLA/HPA. Tá NHIRL creidiúnaithe ag Cónaidhm Imdhíonghéineolaíocht na hEorpa (EFI) ó 2001 i leith.

I 2009 rinne NHIRL tíopáil HLA ar 197 othar nua-dhiagnóisithe agus ar 488 dá ngaolta. I gcás

na n-othar sin nach bhfuil deontóir oiriúnach clainne acu, d'fhéadfaí deontóir neamhghaolmhar a shainnithint ó chlár na ndeontóirí saorálacha. Soláthraíonn NHIRL seirbhís tacaíochta imdhíon-ghéineolaíochta do Chlárlann Smeara agus Plaitíní Neamhghaolmhara na hÉireann (IUBMR), agus i 2009 rinne an tsaotharlann tíopáil HLA ar 988 deontóir saorálach nua, lena gcur ar an gclárlann.

Idir 2007 agus 2009 d'éascaigh an IUBMR 103 trasphlandáil deontóra neamhghaolmhara d'othair Éireannacha agus idirnáisiúnta, an líon céanna a éascaíodh sa tréimhse seacht mbliana roimhe sin. De bharr treochta in airde an lín othar a éilíonn trasphlandáil ó dheontóirí neamhghaolmhara, tá an gá atá ag NHIRL le tíopáil HLA ard-taifeach méadaithe go suntasach.

Soláthraíonn NHIRL freisin gnáthsheirbhís tíopála HLA i dtaca le galair. Tá an t-éileamh ar an tseirbhís seo ag méadú i gcónaí, agus i 2009 b'ionann é agus 40% d'iomlán samplaí na saotharlainne. Tarchuirtear bunús na samplaí, d'fhonn láithreach nó neamhláithreach HLA-B27, bainteach le Spondailíteas Ankylosing, a chinneadh; galar réamatach pianmhar forásach a chuireann as don spíon agus do shiúntaí saicriliacha.

Ina theanntasan, soláthraítear seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní le himscrúdú séireolaíoch a dhéanamh ar thrombaicítipéine allaimdhíonachta nuabheirthe (NAITP), galar corcra iarfhulaistrithe (PTP), teasfhulangacht pláitíní, trombaicítipéiní allaimdhíonachta agus imoibrithé fuiláistrithe diúltacha. Tháinig méadú 14.5% i 2009 ar líon deontóirí na bpláitíní nua a d'éiligh tíopáil HLA-A

agus B, d'fhonn táirge optamach pláitíní a sholáthar do na hospidéal. Feabhsaíodh go mór roghnú pláitíní HLA-mheaitseáilte d'othair le teasfhulangacht pláitíní alla-imdhíonachta, trí thuairisc Blood Operations Support Software (BOSS), a chorpraíonn algartam Matchmaker HLA, a chur ar fáil.

Fuair NHIRL go raibh méadú foriomlán de 5.2% ar líon na dtástálacha a rinne an tsaotharlann i 2009 i gcomparáid le 2008, agus méadú 34% ó 2005 i leith.

Rinne an tsaotharlann roinnt staidéar le hospidéal na hÉireann chun ról na ngéinte HLA i so-ghabháltacht galair a léiriú. Go háirithe, d'fhoilsigh an NHIRL a chinntí maidir le Scléaróis Iolrach agus Heipitíteas C. Ag an 23ú Comhdháil Eorpach um Imdhíonaighéineolaíocht agus Histeo-chomhoiriúnacht in Ulm na Gearmáine i mBealtaine 2009, sholáthraigh an tsaotharlann na hathchuirithe seo a leanas, bunaithe ar chomhoibriú le hOspidéal Ollscoile Nm. Uinsíonn agus Ospidéal San Séamas faoi seach:

- HLA-Cw*0602 agus cóireáil Soiriáise le coscairí TNF- α J Kelleher, C Ryan, M Fagan, R Hagan, E Lawlor, B Kirby. Antaiginí Fíocháin 2009; 73: 385-523.
- Fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar thorthaí trasphlandálacha meaitseáilte neamhghaolmhara (MUD): an taithí Éireannach. J Kelleher, M Fay, R Hagan, E Lawlor, C Flynn. Antaiginí Fíocháin 2009; 73: 385-523.

Grúpáil Deontóirí

Tá uathghrúpáil deontóirí ag síor-iarraidh na teicníochtaí tástála is nua a thabhairt isteach agus an líon antaiginí deargcheall ar féidir gnáthíopáil a dhéanamh orthu a mhéadú. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn na tástálacha sábháilteacht na ndeargcheall, ach, freisin, méadaíonn siad éifeacht sholáthar na ndeargcheall a bhfuil feinitíopaí annamha nó coinpléascacha acu, mar fhreagairt ar shainiarratais ó na hospidéal.

I rith na bliana atá caite cuireadh aonaid dheargchille ar fáil do roinnt cásanna ina mbeadh minicíocht an chineáil sin cille níos lú ná 1 i 1000 den phobal deontóirí. I dtéarmaí iarbhir, ciallaíonn seo, dá dtíopáilí gach deonachán, nach mbeadh ach 1 deonachán amháin sa tseachtain oiriúnach do chásanna dá shórt. Le tíopáil roghnaíoch agus dea-bhainistiú stoic, áfach, i mbunús na gcásanna tig aonaid a sholáthar as an stoc reatha d'eisiúintí éigeandála.

Grúpáil Deontóirí Bhaile Átha Cliath

I 2009, tástáladh beagnach 123,000 deonachán ag an NBC i mBaile Átha Cliath agus éilíonn gach aonad deargchille roinnt tástálacha sainordaithe sular féidir iad a ghlanadh le haghaidh eisiúna. Cuimsíonn siad seo tíopaí ABO & RhD agus scagthástáil do antashubstaintí neamhrialta. Le linn na bliana, fuilíodh breis agus 10,000 deontóir nua, rud ab ionann agus 8% de na deonacháin uile.

Léireoidh fuilghrúpa agus tíopa RhD an ghrúpa seo fíorcháilíochtaí fola an phobail deonacháin mar a leanas:

O Dear	44%
O Diúl	10%
A Dear	26%
A Diúl	5%
B Dear	9%
B Diúl	2%
AB Dear	2%
AB Diúl	1%

Faigheann thar 45% de dheontóirí lánfheinitíop Rh (tíop C, c, E, e) gach uair a thugann siad fuil, agus téann 20% acu seo le haghaidh scagthástála nó tíopáil antaigine bhreise. Bíonn na deonacháin seo ar fáil ansin lena n-eisiúint d'othair arbh eol fúthu gur tháirg siad antashubstaintí deargchille iolracha.

I 2009, rinne Beckman Coulter an Olympus Diagnostics Division a tháthcheangal, agus cuirfidh siadsan an t-inneall tíopála fola PK7300 ar fáil feasta. Tátar ag súil go gcríochnófar suiteáil agus fíorú an trealaimh seo faoi lár 2010. Ciallóidh seo arís go mbeidh an uathoibríocht is nua-aimseartha in úsáid ag an tsaotharlann grúpála deontóirí sa Lárionad Náisiúnta Fola, chun córas tástála ardchaighdeáin costéifeachtúil a sholáthar chun deonacháin fola in Éirinn a thíopáil.

Le linn 2008/2009, thástáil an tsaotharlann grúpála fola i mBaile Átha Cliath an teicníc is déanaí i dtíopáil antaiginí. Is é bhí i gceist leis an teicníc PCR seo, DNA a asbhaint agus a úsáid chun géinitíopa an-chuid antaiginí as fuilghrúpaí éagsúla a chinneadh. Déantar antaigin deontóirí a thíopáil faoi láthair le cabhair teicnící haemaghlútanaithe, a bhíonn an-srianta i gcásanna áirithe de bharr easpa

frithshéaraim oiriúnaigh. Déanfaidh an teicníc PCR seo, ag úsáid teicneolaíocht BeadChip, antaigin deontóirí a thíopáil ag an leibhéal géiniteach, rud a lamhálann brath antaiginí an-laga a imoibríonn go lag, nó nach féidir a bhrath leis na modhanna tíopála séireolaíochta reatha. Sholáthraigh an tionscadal faisnéis luachmhar faoi fhíor-nádúr roinnt tíopáil antaigine nárbh fhéidir a bhrath leis na tástálacha séireolaíochta gnásúla. Ag an bpointe seo, tá na teicnící tíopála PCR ag athrú go gasta agus tá sé beartaithe go ndéanfar tíopáil PCR na n-antaiginí feasta ar bhonn níos gnáthamhbhunaithe. Coinneoidh seo Lárionad Fuiláistrithe na hÉireann ar thús cadhnaíochta i dteicnící tíopála fola.

Grúpáil Deontóirí Chorcaí

Tástáladh breis agus 47,000 deonachán in Ionad Chorcaí agus éilíonn gach aonad deargchille roinnt tástálacha sainordaithe sula scaoiltear iad le haghaidh eisiúna. Cuimsíonn siad seo tíopáil ABO & RhD, agus scagthástáil le haghaidh antashubstaintí neamhrialtá. Ba dheontóirí nua 4,000 acu seo.

Tíopáiltear na haonaid deargchille uile anois, mar ghnáthnós, don antaigin Kell, chun íoslaghdú a dhéanamh ar líon na mban in aois leanaí a bhreith atá spreagtha chun aonaid deargchille Frith-K iarairistriúcháin a tháirgeadh. Laghdóidh seo freisin an líon cásanna de Ghalar Haemalaíoch na Naíonán Nuabhreithe (HDNB) de thoradh Frith-Kell.

Faigheann 20% de dheontóirí lánfheinitíop Rh (tíopa C, c, E, e) gach uair a thugann siad fuil agus rachaidh céatadán acu seo le haghaidh scagthástála nó tíopáil antaigine breise. Bíonn na deonacháin seo ar fáil ansin le heisiúint d'othair arbh eol gur tháirg siad antashubstaintí deargchille iolracha.

Gach aonad deargchille a bhaineann le fuiláistriú Naíonán Nuabhreithe agus othar corráncheallaigh, tástáiltear anois é don tréith haemaglóibín S agus tugtar aonaid deargchille diúltacha ina áit. Tá an scagthástáil seo tábhachtach, ní hamháin don fhaighteoir, ach freisin ó thaobh cúraim deontóirí, agus lamhálann sé luathaithe deontóirí nach mbeadh ar eolas acu go n-íompraíonn siad an tréith chorráncheallach. Níor brathadh aon chás dá shórt go dtí seo a raibh an tréith chorráncheallach aige i MRTC. Má shainaithear deontóirí atá amhlaidh, cuirfear faisnéis agus comhairle ar fáil dóibh le go mbeidh gach eolas acu faoi gnéithe éagsúla agus impleachtaí na staide corráncheallaí.

Bhí méadú éilimh ar fhuil thíopáilte pheidiatrach don bhliain 2009, toisc go raibh méadú ar chásanna HDNB.

Díobhadh 650 táirge deargchille i 2009 de bharr éaga, mar aon le 1100 táirge pláitíní. Is é Galileo an t-anailíseoir fuil tíopála reatha atá in úsáid in Ionad Chorcaí, agus a tugadh isteach i 2004.

Seirbhísí Breise



Banc Fíocháin

Iníúchadh an banc fíocháin de réir Threoir an AE 2004/23/CE agus athchreidiúnadh é maidir le bancáil ghascheall súilí, ghascheall cardashoithíoch agus ghascheall fuil sreang imleacáin. Tá an SFAÉ ag importáil ó na SA i gcónaí an fíochán uile a sholáthraítear le haghaidh máinliachta optalmaí, de bharr an bhaoil ó GCJa. I 2009, bhí éileamh leanúnach ar choirní réamhghearrtha (DSAEK) le haghaidh caráiteaplásta intéiliach. Is ionann agus 32% de na coirní uile a eisítear anois na coirní DSAEK.

Athraíodh soláthraí na bhfíocháin aimniam reothriomaithe ó Celgene go Surgical Biologics atá lonnaithe in Seoirsia na SA, os rud gur éirigh Celgene as an margadh. Soláthraíonn SFAÉ freisin braon súile de shéiream uathlógach d'othair, ar iarratas ó oftailmeolaí.

Tá SFAÉ i gcomhar le stiúrthóir oftailmeolaíochta bhanc na súl, Mr. William Power, RVEEH agus DCU, ag comhoibriú chun gaschealla saothraithe géagacha a thógáil ón mbinse go dtí forchur cliniciúil. Leanfaidh an tionscadal seo i 2010, le haistriú teicneolaíochta ó DCU go GLP agus ar deireadh go suíomh GMP i SFAÉ. Tá an obair seo á maoiniú le hairgead a fuarthas faoi thiomnacht.

Leanann SFAÉ de phróiseáil agus crióchaomhnú fíocháin chardashoithíocha dhaonna thar ceann Ospidéal Ollscoile Mater Misericordia, faoi choimirce stiúrthóir cardatóracsach an bhainc chroíchorda, Mr. A. E. Wood.

Bailíonn banc fola na gCordaí Dírithe/Siblín agus crióchaomhnaíonn sé fuil chorda ar iarratas ón

bhfoireann oinceolaíochta/haemaiteolaíochta in OLCHC. Ba iad na príomhthásca bailiúcháin le linn 2009, urchóideacht agus an galar corráncheallach. Comhordaíonn Clárann Smior Neamhghaolta na hÉireann (IUBMR) bailiú agus stóráil fuil corda do thrasphlandú gascheall dírithe. Ní shábháiltear aonad corda ach ó mháthair linbh le neamhord haemaiteolaíoch nó eile, i gcás ionchais go mbeadh trasphlandú gascheall á chur i bhfios sa todhchaí agus dá gcuireadh an Haemaiteolaí/Oinceolaí cóireála iarratas isteach.

Stóráiltear fuil chorda sa Lárionad Náisiúnta Fola d'úsáid an fhaighteora bheartaithe amháin. I 2009, bailíodh ocht n-aonad fuil chorda; tá 105 aonad stóráilte go dtí seo ar trasphlandáladh dhá cheann acu.

An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO)

Bíonn ról idirnáisiúnta an-riachtanach ag Haemafhaireachas i bhforbairt cleachtas aistriúcháin atá cliniúil agus sábháilte. Ina naoi mbliana oibriúcháin (2000-2008) tuairiscíodh 1860 frithghníomh/teagmhas trom díobhálach don NHO.

Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEs) agus Comhpháirt Fola Mhícheart aistrithe (IBCT)

Bailíonn NHO SAEs atá bainteach le cáilíocht agus sábháilteacht fola, rud atá éigeantach faoi Threoir Fola 2002/98/CE an AE. Tá SAEs neamhéigeantacha ar a dtugtar Comhpháirt Fola Mhícheart Aistrithe (IBCT), agus a bhaineann le hearráidí sna réimsí cliniúla, intuairiscithe freisin faoi fhreagracht ghairmiúil. Tuairiscíodh 147 SAEs/IBCT in iomlán don NHO i 2008, rud ab ionann agus 51% de na teagmhais uile (147 as 290). Ba theagmhais a rangáíodh mar theagmhais throma dhíobhálacha 'éigeantacha' 53 (36%) acu seo.

Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARs)

I 2008, ghlac an NHO le 143 SARs, a mbunús i gcatagóirí na bhFrithghníomhartha Aistriúcháin Anaifíolachtacha agus Fuilaidrithe Neamh-Haemalaíochta Fiabhrasacha.

Tuairiscíodh ocht gcás d'Ionfhabhtaíocht Aistriú-tharchurtha Amhrasta (dhá cheann víreasach agus sé cinn baictéarach). Cuireadh ionfhabhtaíocht aistriú-tharchurtha as an áireamh, nó measadh gur

mhídhóchúil é, i gceithre chás (2 baictéarach agus 2 víreasach) agus sa cheithre chás eile measadh gurbh fhéideartha iad, ós rud é nach bhféadfaí ionfhabhtaíocht bhaictéarach a chur as an áireamh. Níor fhulaing na hothair aon ainiarmhairtí dá mbarr.

Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Theagmhais Throma Dhíobhálacha (ANSARE)

I gcomhall Threoir an Choimisiúin 2005/61/CE larscríbhinn IID agus IIIC, is gá do gach ospidéal a aistríonn fuil agus do na forais fola (BE) foirm ANSARE a chomhlánú. In Eanáir, 2009 eisíodh an fhoirm ANSARE chuig 76 ionad tuairiscithe (72 ospidéal agus 4 BE) do bhliain thuairiscithe 2008.

Líon suíomhanna	Tuairiscithe i 2008
21 (28%)	SAR amháin nó níos mó
6 (8%)	SAE amháin nó níos mó
22 (29%)	idir SAR agus SAE
27 (36%)	gan SAR ná SAE

Ós rud é nach gcuinníonn ANSARE teagmhais chliniciúla IBCT neamhéigeantacha, arb ionann iad agus 32% den líon iomlán tuairiscí a d'anailísigh an NHO i 2008, gannmheasann na torthaí seo ráta foriomlán na n-ospidéal a thuairiscíonn don NHO.

Comhdháil 10ú Bliain an NHO 2009

“Haemafhaireachas in Éirinn – An Chéad Deich mBliana ag Cothú Sábháilteachta i bhFuilaistriúchán”
Reáchtáladh Comhdháil 10ú Bliain an NHO san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneán i nDeireadh Fómhair 2009, agus bhí 190 toscaire as cúlraí míochaine, altranais agus eolaíochta ag freastal ar an ócáid. D’oscail an tAire Sláinte agus Leanaí Ms. Mary Harney, T.D. an Chomhdháil.

Ba iad na príomhchainteoirí ar ghnéithe de shábháilteacht othair, An Dr. Tony Holohan, Príomhoifigeach Míochaine (CMO), an Roinn Sláinte agus Leanaí (DOHC), - Sábháilteacht Othar in Éirinn, agus an Dr. Clare Taylor, Stiúrthóir Míochaine SHOT na RA – Haemafhaireachas agus an Dochtúr Sóisearach. Labhair an Dr. Kieran Doran, Léachtóir Sinsearach in Eitic Chúram Sláinte, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar Toiliú le Fuilaistriúchán.

Bord Leigheasra na hÉireann (IMB)

Is é IMB an tÚdarás Inniúil maidir le gach gné de Threoir Fola an AE a fhorfheidhmiú. Bhí cruinnithe ráithiúla ag IMB leis an NHO chun cásanna a athbhreithniú agus na teagmhais thuairiscithe a phlé.

Oideachas, Cothú agus Forbairtí

Tugann an NHO tacaíocht leanúnach do chlár oiliúna inseirbhíse na n-ospidéal agus d’oideachas aistriúcháin le haghaidh mic léinn altranais agus

míochaine eolaíocht saotharlainne, trí oibriú go dlúth le hOifigí Haemafhaireachais (HVO) ospidéal-bhunaithe.

Laethanta Oscailte

Tugtar cuireadh do gach HVO ospidéil atá nuacheaptha teacht chuig Lá Oscailte an NHO, mar a mhínítear feidhm an NHO. Bhí lá oscailte ann i 2009 agus d’fhreastail 14 duine air.

Tionscnaimh Oideachais Haemafhaireachais ag DCU

Tairgeann an NHO, ar bhonn leanúnach, agus i gcomhpháirt le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), modúil forbartha ghairme ar leibhéal céime, agus modúil iarchéime, atá dírithe ar an bhfoireann chliniciúil agus saotharlainne a oibríonn ar chleachtas deonachán fola agus fuilaistriúcháin.

Tá an modúil forbartha ghairme do 2008-2009 agus 2009-2010 idir lámha ag scoláirí ó Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ó ospidéal ar fud na tíre. Tá measúnú fíormhaith déanta ar na modúil seo i dtaca le forbairt ghairme. Ina theanntas, bainfidh scoláirí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, atá faoi láthair ag críochnú dioplóma céimí san altranais, an chéim amach i 2010.

Ós rud é go bhfuil roghanna céime agus iarchéime ar fáil in DCU, tá deis uathúil ag mic léinn dul ar aghaidh chuig staidéar iarchéime i gcleachtas deonachán fola agus haemafhaireachais, agus soláthraíonn sé conair sainaitheanta do chleachtóirí chun a ról a fhorbairt go leibhéal ardspeisialtóra.

Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann

R-Fhoghlaim

Táthar ag leanúint le rolla amach an chláir r-fhoghlama LearnProNHS, a d'fhorbair an Effective Use of Blood Group de Sheirbhís Náisiúnta Fuilaeistriúcháin na hAlban, d'ospidéal na hÉireann. Bhí an NHO páirteach freisin sa ghrúpa eagarthóireachta r-fhoghlama a dhéanann athbheithniú agus nuashonrú ar ábhair gach bliain, agus a sholáthraíonn agus a athbheithníonn a bhfuil molta do chláir na modúl nua.

Éascaíonn an clár r-fhoghlama oideachas gairmiúil leantach do chleachtóirí cliniciúla atá bainteach leis an bpróiseas fuilaeistrithe. Tairgeann an clár r-fhoghlama malairt bhealaigh d'fhoghlaimoírí a bheith ar chomhchém leis an gcleachtas reatha is fearr, ag am agus áit atá oiriúnach dóibh, agus i gcás foghlaimoírí a bhfuil ag éirí leo na modúil measúnaithe a chríochnú, tugann sé fianaise chaighdeánaithe go bhfuil oiliúint faighte ag an bhfoireann i gcleachtas fuilaeistrithe, mar a éilíonn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

Moltaí maidir le haitheantóir uathúil sláinte in Éirinn

D'úsáid an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte sonraí as tuairiscí a fuair an NHO ó 2000 i leith, chun tacú le seoladh aitheantóra uathúil sláinte in Éirinn. B'in amháin na sonraí a bhí ar fáil laistigh den chomhthéacs Éireannach.

Tá cóip den tuarascáil ar fáil ag: <http://www.hiqa.ie/publications.asp>

San am i láthair, is é trasphlandú gaschille allaigéiní an t-aon teiripe íceach do roinnt leicicéimí, siondróm teip smeara agus roinnt neamhoird mheitibileacha ó oidhreacht. Is é an siblín le fióchán meaitseáilte an deontóir idéalach, ach de bharr thitim an líon teaghlaigh, ní bheidh trasphlanduithe siblíne HLA-mheaitseáilte ar fáil ag mórán othar.

Soláthraíonn trasphlanduithe ó Dheontóir Meaitseáilte Neamhghaolmhar (MUD) rogha eile d'othair dá shórt nach bhfuil deontóir teaghlaigh acu agus tá líon méadaithe á ndéanamh in aghaidh na bliana le cabhair na gclárlanna smeara saorálacha atá ar fáil ar fud an domhain.

Bunaíodh Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR) i 1989 chun freastal ar an ngá atá le deontóirí neamhghaolmhara d'othair Éireannacha agus idirnáisiúnta. Tá an painéal comhdhéanta faoi láthair de 19,926 deontóir a bhfuil 99% acu lán-tíopáilte AB, DR. Ó 2001 i leith, tíopáiltear go heisiach gach deontóir a théann ar an bpainéal neamhghaolmhar, le modhanna DNA, ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histeo-oiriúnachta agus Imdhíon-ghéineolaíochta (NHIRL).

Cuardaíonn an chlárlann deontóirí oiriúnacha ar an bpainéal Éireannach agus ar Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (BMDW), thar ceann Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann in Ospidéal San Séamas (SJH) agus Ospidéal Naomh Muire um Leanáí Breoite, Cromghlinn (OLCHC).

Ina theanntasan, comhordaíonn an Chlárlann, i gcomhar le SJH, deonacháin ó dheontóirí Éireannacha d'othair Éireannacha agus idirnáisiúnta. Clúdaíonn ceadúnas fiócháin SFAÉ an chlárlann faoi Threoir

Fíocháin an AE 2004/23/CE. Tá an IUBMR clannaithe leis an gCumann Domhanda um Dheontóirí Smeara, eagraíocht atá ag leagan caighdeáin oibríochta síos do chlárlanna smeara ar fud an domhain ó 1991 i leith. Bhain an IUBMR creidiúnú amach ag an WMDA i 2007.

Tá méadú tagtha ar líon na gcuardach do thrasphlanduithe neamhghaolmhara d’othair Éireannacha le 3 bliain anuas, toisc an méadú atá tagtha ar líon na dtásc ar thrasphlanduithe meaitseáilte neamhghaolmhara agus gur síneadh an barrtheorainn aoise d’othair.

Earcú Deontóirí

D’earcaigh IUBMR 906 deontóir nua don phainéal i 2009.

Gníomhachtaíodh deontóirí do 52 den 55 othar a atreoraíodh le haghaidh cuardaigh neamhghaolmhair. Iarradh samplaí ó 171 deontóir Éireannach agus idirnáisiúnta le haghaidh tíópála san NHIRL. Iarradh tíópáil freisin ó chlárlanna idirnáisiúnta le haghaidh 180 deontóir.


Imeachtaí Náisiúnta

Atreoraíodh caoga cúig othar chuig an IUBMR i 2009, le haghaidh cuardach neamhghaolmhar ó na hIonaid Trasphlandaithe Éireannacha ag SJH agus OLCHC. Atreoraithe peidiatracha a bhí i gcúigear déag agus ba dhaoine fásta 40 acu.

Fuair 34 othar trasphlandú i 2009. Foinsíodh 29 deonachán gaschille ón Eoraip, Éire san áireamh, agus 5 ó lasmuigh den AE.

Fuair sé othar déag gaschealla fola imeallaí (PBSC) agus fuair ceithre othar déag smior. Fuair ceathrar othar aonaid corda fola neamhghaolmhar (CBU) mar fhoirse gascheall.

Trasphlanduithe IUBMR a Éascaíodh ó Dheontóirí Éireannacha agus Idirnáisiúnta 2000 - 2009



Imeachtaí Idirnáisiúnta


Fuarthas réamhchuardaigh thar ceann 348 othar idirnáisiúnta ar gníomhachtaíodh 124 acu. Thug deontóirí Éireannacha deonacháin do 3 othar idirnáisiúnta. D'éascaigh an IUBMR freisin, saothruithe le haghaidh 3 deontóir idirnáisiúnta a bhí ina gcónaí in Éirinn.

Deonacháin Éireannacha

Ó 2000 i leith ba é 6 sa bhliain an meánlíon deonachán ó dheontóirí Éireannacha, ach i 2009 bhí an líon bailiúchán méadaithe de 36% ó 2008.

Bhí ceithre deonachán déag ann i 2009. Tugadh na deonacháin d'othair san Eoraip, lena n-áirítear Éire (12), agus lasmuigh den AE(2).

Deonacháin Deontóirí Éireannacha 2000 - 2009



Teiripe Aifiréise

Soláthraíonn na foirne aifiréise teiripí i SFAÉ seirbhís éileamh-threoraithe ar an láthair i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Ar othair, ar a bhfuil neamhoird fola annamha atá go minic bagrach don bheatha, déantar gnáthaimh aifiréise Haemateolaíochta, Duánacha nó Neareolaíochta. Malartuithe Plasma atá i mbunús na ngnáthamh, ach cuimsíonn cóiréalacha eila Malartú Deargcheall Fola, Ídiú Deargcheall, Leocalaghdú agus Ídiú Plaitíní.

Bíonn comhairleoir haemateolaíochta i gceannas foirne ar leith agus tugann altraí sainoilte aifirise na cóiréalacha.

Cásualach

Rinneadh 473 gnáthamh in iomlán i 2009, laghdú de 31 ar an mbliain roimhe. Bhí sin i gcomparáid leis na blianta roimhe sin mar a leanas:


2008 – Líon iomlán na ngnáthamh = 504

2007 – Líon iomlán na ngnáthamh = 428

Is iad na hospidéal inar cóiréaladh na hothair, Ospidéal Tamhlachta (AMNCH), Ospidéal Nmh. Uinsíonn (SVUH), Ospidéal Mater (MH), Ospidéal Ollscoil Chorcaí (CUH), Ospidéal Ollscoil na Trócaire (MUH) agus eile.

Thug na foirne aifirise teiripí clúdach éigeandála agus seirbhís ar ghloach ag deirí seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí.

Cineálacha agus Minicíocht na nGnáthamh



Dearbhú Cáilíochta

“Bhí an dúshlán maidir le coinneáil agus feabhsú an chaigdeáin cháilíochta agus sheirbhíse laistigh de SFAÉ chun tosaigh i 2009, ainneoin an bhrú chun costais a laghdú de réir thiomáint reatha na heacnamaíochta.”

Chun go mbeadh an dul chun cinn trédhearcach, ba ghné fíor-riachtanach é go mbeadh tuairisciú rialta ar an méadracht comhaill sheanbhunaithe don Fhoireann Bhainistíochta Fheidhmeannaí agus don Choiste Iniúcháireachta agus Comhaill.

Le linn 2009, bhí SFAÉ faoi réir 4 iniúchadh IMB, dhá cheann faoi imeachtaí an Fhorais Fola (BE), ceann amháin faoi imeachtaí an Fhorais Fíocháin (TE) agus iniúchadh amháin ar an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais. Bhí an toradh sásúil i gcás iniúchtaí BE agus TE araon.

Chuir an clár Iniúchta Cáilíochta 50 Iniúchadh Inmheánach in iomlán i gcrích le linn na bliana, a chlúdaigh sampla de gach gníomhaíocht de chuid SFAÉ. Rinneadh dul chun cinn maith trí mhéadracht de >80% a aimsiú ó thaobh clabhsúir tuairiscí teagmhais (IRs), le meánlíon clabhsúir de 84.5% IRs faoi dheireadh na bliana. Réamh-mheastar go bhfeabhsófar trédhearcacht chlabhsúir na IRs a thuilleadh trí SMART@CAPA a thabhairt isteach i 2010.

Tomhaistear ráta an athraithe i SFAÉ sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta tríd an líon de rialuithe an athraithe (CC) agus d'ordaithe an athraithe (CD) a ardaítear, a phróiseáiltear agus a fheidhmítear. Sáraíodh an sprioc clabhsúir de >80% ar ordaithe an athruithe i gcás athruithe lárbhunaithe le linn 2009, le hathruithe SFAÉ/Náisiúnta níos lú ná an sprioc, ag 66%. Déanfar monatóireacht dhlúth air seo i 2010 d'fhonn é a fheabhsú.

Shroich ráta rialuithe an athraithe a ardaíodh, a próiseáladh agus a fheidhmíodh le linn 2009 an

sprioc clabhsúir de >60% d'athruithe lárbhunaithe ach cláraíodh 55% clabhsúir d'athruithe SFAÉ/Náisiúnta.

Léiríonn anailís ar na sonraí seo go ndéantar athruithe móra/suntasacha náisiúnta, e.g. seoladh teicneolaíochtaí nua (Tigris, tástáil NAT ar dheontóirí aonair), athruithe ar ábhair chriticiúla (seoladh málaí nua, athrú ábhar glanta géag do dheontóirí) a fhorfheidhmiú ar bhealach beartaithe fíoraithe thar thréimhse ama, lena chinntiú go bhfuil na córais agus cleachtais iontaofa agus láidir.

I rith na bliana bhí an fócas móroibre ar ullmhúcháin do phaindeim an víris fluú mucúil H1N1, agus chlúdaigh na hullmhúcháin seo gach gné de ghnó SFAÉ, ó sholáthar stoic chriticiúil go pleananna maidir le clúdach foirne/acmhainní. Chinntigh neart an chórais Bhainistíochta Cáilíochta go bhféadfaí athruithe gasta a dhéanamh ar bhealach socraithe.

Mar aon lena córas chun gearáin faoi tháirgí a cheapadh, d'fhorbair SFAÉ sainchóras le haghaidh gearán deontóirí agus seirbhíse agus tugadh isteach é in Eanáir 2009. Faoi dheireadh na bliana déileáladh le 94.8% de ghearáin deontóirí agus seirbhíse. Díreoidh SFAÉ air seo a fheabhsú sna blianta romhainn de réir mar a bhíonn an córas ag aibíú.

Mhéadaigh an líon gearán i leith táirgí a fuair SFAÉ i 2009 thar mar a bhí i 2008, le gearáin DAT+ ag méadú agus catagóir nua de ghearáin ghearrdháta/sheirbhíse ag teacht chun cinn. Níl an sprioc de >90% clabhsúir laistigh de 30 lá le haghaidh gearán i leith táirgí á shroichint faoi láthair; is dúshlán é don fheidhm cháilíochta an toradh seo a fheabhsú.

Dearbhú Cáilíochta

Ba é an comhlíon athghairmeacha ag MRTC agus NBC, 357 (do 2008) agus 363 (do 2009). Tá athghairmeacha sa ghnó seo coiscitheach ó nádúr, agus tarlaíonn siad go príomha ar bhonn faisnéise iardheonacháin ón deontóir, nó de bharr athghairmeacha réamhchúraim a bhaineann le gor thástáil bhaictéarach na dtáirgí.

Tá córas Faireachais Deontóra, Haemafhaireachais agus Faireachais Fíocháin i bhfeidhm i SFAÉ lena chinntiú go dtuairiscítear Frithghníomhartha Troma Díorhálacha (SARs) agus Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEs) don NHO/IMB. Le linn 2009, bhí an Córas Faireachais Deontóra lárbhunaithe agus ceapadh 127 teagmhas faireachais deontóra i MRTC agus 186 i NBC. Ón 1ú Eanáir 2010 beidh córas náisiúnta tuairiscithe i bhfeidhm do theagmhais deontóra dá sórt.

Cuireadh 3 Thuairisc um Fhaireachas Fíocháin in iúl don IMB i 2009 a bhain le fíocháin as nós croíchomhlaí, coirní iomportáilte agus fuil chorda.

Bhí an líon de thuairiscí haemafhaireachais an chórais cháilíochta chuig an NHO ar an dul céanna leis an líon chuig NBC do 2008 agus 2009 araon, ach mhéadaigh an líon a thuairiscigh MRTC.

Éascaíodh forbairt ar an gcóras cáilíocht aonta aonair laistigh de SFAÉ, de bharr fhorfheidhmiú Pilgrim, an ríomhchórais bhainistíochta cháilíochta SMART@SOLVE. Rinne an chéad mhodúl, SmartDoc, atá lánfheidhmithe anois, rianú SOP (gnáthamh oibríochta caighdeánach) agus iad a náisiúnú, trédhearcach ó thúsphointe de 318 SOPs de SFAÉ (Meán Fómhair 2008) as 1545 SOPs in iomlán, go

664 SOPs de SFAÉ (Nollaig 2009) as 1514 SOPs in iomlán. Leagadh sprioc de 815 SOPs i SFAÉ faoi dheireadh 2010.

Le linn 2009, fíoraíodh agus seoladh dhá mhodúl bhreise de SMART@SOLVE, is é sin SMART@AUDIT agus SMART@TRAIN. Tá an ceann deiridh á rolladh amach ar fud SFAÉ chun ríomhthaifeadadh oiliúna a chur i gcrích do gach gnáthamh den Chóras Bainistíochta Cáilíochta.

Mar chuid de Chóras Bainistíochta Cáilíochta SFAÉ, glacann na saotharlanna tastála páirt i scéimeanna dearbhaithe cáilíochta seachtracha le linn na bliana. Le linn 2009, bhí torthaí NBC agus MRTC araon sásúil, le heisceacht amháin.

Acmhainní Daonna

“Bhí Acmhainní Daonna dírithe fós ar straitéisí daonacmhainne inmheánacha a fheabhsú, sa dóigh go dtiocfadh leis an bhfoireann freastal ar riachtanais deontóirí agus othar. D’éiligh sin athailíniú ar na socruithe oibrithe inmheánacha de réir cuspóirí Phlean Straitéiseach SFAÉ 05-09 agus I dTreo 2016-Creat Comhpháirtíochta Sóisialta.”

Acmhainní Daonna

Bainistiú Athruithe

D'athraigh an comhshaol oibríochta go suntasach trí 2009. Nuair a theip ar an gcomhpháirtíocht shóisialta, tháinig comhshaol caidreamh tionsclaíochta níos suaithe i réim, lena n-áirítear gníomhaíocht thionsclach, a shín ó oibriú de réir rialach go lá gníomhaíochta a raibh aistarraingt saothair mar chríoch air. Tá stádas roinnt tionscadal mar leanas:

Athbhreithniú ar Lá Oibre Sínte i Saotharlann NBC – forfheidhmithe agus athbhreithnithe
Comhaontú Shaotharlann Chorcaí – faoi chaibidil
Athbhreithniú ar an bPróiseas Deonacháin, Céim 2 – tús curtha le forfheidhmiú ionad ar ionad
Athbhreithniú lompair – ag teacht chun críche, an chéad chéim eile, athruithe 2010 a idirbheartú
Athbhreithniú ar Chlinic Shráid D'Olier – críochnaigh an t-athbhreithniú, agus idirbheartaigh athruithe 2010.

Is é cuspóir bhainistiú na n-athruithe ag SFAÉ i gcónaí, feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí d'othair agus do dheontóirí.

Earcaíocht

Sa chéad ráithe de 2009, bhíomar ag cinntiú fós gur fhostaíomar agus gur ardaíomar na daoine cearta ag an am ceart, sa ról ceart, chun tacú le seachadadh agus le soláthar sársheirbhíse dár ndeontóirí, d'othair agus do pháirtithe leasmhara. Sa dara ráithe tugadh isteach moratóir ar earcaíocht, agus beidh sé i bhfeidhm go deireadh Nollag 2010. Laistigh den mhoratóir seo níl cosaint ach ag na príomhróil

criticiúla a bhaineann le coinneáil leorbhailiúchán agus próiseáil shábháilte táirgí fola.

Oiliúint agus Forbairt

Ceann de Chroí-Luachanna SFAÉ is ea Foghlaim – 'táimid tiomanta d'fhoghlaim leanúnach eagraíochtúil, d'fhorbairt ghairmiúil phearsanta agus do thaighde'.

Is bunghné den dul chun cinn in aon eagraíocht é, bainistíocht agus foireann fhreagrach inniúil a bheith ann chun cabhrú leis an eagraíocht a phríomhchuspóirí oibríochta agus straitéise a bhaint amach. Is é dualgas na feidhme Oiliúna agus Forbartha laistigh d'Acmhainní Daonna, a chinntiú go bhfuil na cumais agus inniúlachtaí riachtanacha ag an bhfoireann chun athruithe a chruthú, a fhorfheidhmiú agus a threorú. Ba é an mórionchur forbartha i 2009, an clár Bainistíochta & Forbartha Foirne 'Quantum Leap', as ar cuireadh i gcrích 12 modúl clár oiliúna an Fheidhmeannais, na hArd-Bhainistíochta & na Bainistíochta Clinice, a rinneadh i gcomhar le IBEC agus an IMI. Chríochnaigh na foirne clinice, freisin, a laethanta forbartha foirne. B'acmhainn shuntasach agus tiomantas lóistíochtúil é seo ag an eagraíocht agus ag na comhpháirtithe.

Leanann Quantum Leap isteach i 2010, mar a gcríochnóidh na foirne tacaíochta agus saotharlainne atá fágtha a lá forbartha foirne. Beidh torthaí na forbartha foirne, i bhfoirm pleananna foirne agus pearsanta agus tionscadail feabhsaithe leanúnacha, mar bhonn leis an bhforbairt feasta.

Scéim Oideachais SFAÉ – chuidithe

Soláthraíonn SFAÉ Scéim Oideachais chuidithe chun feabhsú leanúnach na heagraíochta agus forbairt ghairmiúil daoine a chothú agus a chur chun cinn, trí airgead a infheistiú in oideachas na bhfostaithe, agus ag éascú, nuair is féidir, na hacmhainní is gá d'oideachas breise. Faomhadh na hiarratais nua seo a leanas i 2009:

- Cúnamh Airgid Lánurraithe – 14 iarratasóir faofa
- Cúnamh Airgid Teoranta – 7 iarratasóir faofa.

Le linn na bliana, chuimsigh an tacaíocht cúnamh airgid agus saoire staidéir agus scrúdúcháin do 15 iarratasóir leanúnacha i ndisciplíní éagsúla lena n-áirítear Cúram Sláinte, Eolaíocht Bithmhíochana, Altranas agus Míochaine. Tugtar bunús an Chúnamh Oideachais do chlár atá dáfa go hacadúil.

Seirbhísí Leabharlainne

Thiomáin agus thacaigh an Leabharlann i gcónaí le riachtanais foghlama, taighde agus faisnéise SFAÉ. Leathnaíodh bailiúchán na n-ábhar neamh-mhíochaine a bhí á gcoinneáil, mar léiriú ar riachtanais na bhfostaithe a bhí ag gabháil den chlár Quantum Leap, agus tugadh aghaidh ar riachtanais oiliúna na mball foirne a bhí ag gabháil de staidéir bhreise.

Thug foireann na leabharlainne oiliúint faoin dóigh le faisnéis mhíochaine agus bhainistíochta den scoth a fhoinsíú agus faoin dóigh le foinsí a thagairt agus

a lua, fad a bhí seisiúin scileanna faisnéise agus leabharlainne do ghrúpaí agus do dhaoine aonair á gcoinneáil ar siúl le linn 2009.

Mar fhreagairt ar sheirbhís phráinne na Leabharlainne a fhorbairt, bunaíodh nualiostaí r-phoist sainábhair do Chikungunya agus Babesiosis. Lean foireann na leabharlainne ag forbairt agus ag nuashonrú Inlín SFAÉ agus sholáthraigh siad treoracha lena aghaidh.

Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteacht

Leantar d'fhorbairt agus d'athbhreithniú cláir sláinte chomhshaoil, sábháilteachta agus leasa, chun cuidiú le comhall reachtaíochta agus chun feasacht faoi sháinte chomhshaoil agus sábháilteacht a chothú laistigh den eagraíocht.

Clár Bainistíochta Conraitheora SFAÉ

Scríobhadh Clár Bainistíochta Conraitheora chun dualgais comhshaoil, sláinte agus sábháilteachta a chinneadh maidir le Conraitheoirí. Mar chuid den Chlár Bainistíochta Conraitheora, bunaíodh Córas Bainistíochta Ionduchtaithe do Chonraitheoirí.

Teastas Oiliúna in Inniúlacht Ghairmiúil (CPC)

Thug an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre isteach CPC Tiománaí in Éirinn mar fhreagra ar Threoir 2003/59/CE an AE. Chomh maith le

Acmhainní Daonna

bheith i seilbh ceadúnas tiomána reatha, caithfidh tiománaithe gairmiúla (Ceadúnas de Chatagóir D&C) Teastas Inniúlachta Gairmiúil (CPC) a fháil. Chríochnaigh Tiománaithe SFAÉ Modúl 1 d'oiliúint CPC i 2009 de réir an riachtanais seo.

Tástáil Fearas Ioniompartha

I gcomhall Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007, leasaíodh Clár Tástála Fearas Ioniompartha SFAÉ, agus rolladh amach tástáil ar fhearais leictreacha ioniompartha i ngach Ionad den SFAÉ.

Scéim Rothair don Obair

Leis an scéim seo sheol an Rialtas buntáiste cánach, ar sochar comhchineáil é agus a thacaíonn le fostaitheoirí, trí rothair agus an trealamh sábháilteachta a bhaineann leo a sholáthar d'fhostaithe, d'fhonn daoine a ghríosadh chun tiomáint ar obair. Seoladh Scéim Rothair don Obair i SFAÉ le linn Sláinte & Sábháilteacht na hEorpa 2009, le Ród-Seónna a reáchtáladh in Ionaid SFAÉ ar fud na tíre.

Vacsainiú Fliú

Soláthraíodh an vacsainiú seasúrach bliantúil don fhliú in ionaid SFAÉ ag tús shéasúr an fhliú. Ina theanntasan, i 2009 nuair a tháinig an víreas Paindéimeach Fliú H1N1 (an Fliú Mucúil) chun cinn, cuireadh vacsainiú ar fáil d'fhostaithe SFAÉ. Fuair fiche a naoi faoin gcéad d'fhostaithe SFAÉ vacsainiú don fhliú mucúil.

Airgeadas

Dréacht-Chuntais do 2009		
	2009 €'000	2008 €'000
Ioncam		
Ioncam athfhillteach	117,407	116,714
Ioncam neamh-athfhillteach	540	853
Ioncaim iomlán	117,947	117,567
Caiteachas		
Iomlán caiteachais	112,136	119,540
Barrachas don bhliain	5,811	1,027
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar scéim phinsin	577	(15,673)
Aistriú (go)/ó Chúlchiste Caipitiúil	(2,000)	-
Aistriú (go)/ó Chúlchiste Taighde	(273)	296
(Easnamh)/cúlchiste carntha ag 1ú Eanáir	(6,324)	8,026
(Easnamh)/carntha ag 31ú Nollaig	(2,209)	(6,324)

Ioncam

Ba é €117.94 milliún ioncam iomlán an Bhoird do 2009 (2008 €117.56 milliún) agus anailísítear é idir ioncam athfhillteach agus ioncam neamh-athfhillteach. Tá ioncam athfhillteach comhdhéanta d'ioncam a ghintear ó tháirgí agus ó sheirbhísí a sholáthraítear d'ospidéal, de luach €117.40 milliún (2008 €116.71 milliún). Cuimsíonn ioncam neamh-athfhillteach ús a gnóthaíodh ar éirísí agus fáiltas ó dhíolachán sócmhainní seasta i 2009. Níor mhéadaigh an Bord a phraghasanna do 2009.

Caiteachas

B'ionann caiteachas do 2009 agus €112.13 milliún (2008 €116.54 milliún). Tharla an laghdú caiteachais go príomha de bharr fhorfheidhmiú an chláir laghdaithe costas agus laghdú praghais na dtairgí fola. Bhí na costais a bhain le ceannach amach an chleachtas oibre saotharlainne a bhí fágtha i 2009 ag leibhéal níos ísle ná na cinn i gceist i 2008.

Cuntasaíonn an Bord pinsin de réir chaighdeán tuairiscithe airgeadais 17 'Sochair Scoir' (FRS17).

I 2006, bhunaigh an Bord cúlchiste taighde. I 2009, aistríodh €273,000 chuig an gcúlchiste. (I 2008, caitheadh €296,000 ón gcúlchiste.)

Airgeadas

Tá cúlchiste ag an mBord freisin chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Le linn 2009, aistríodh €2 milliún chuig an gciste sin. Bhí iarmhéid de €7 milliún sa chiste sa bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2009.

Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.4 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus i dtrealamh le linn 2009 (€1.7 milliún i 2008). Chuimsigh an phríomh-infheistíocht le linn na bliana modhnú reoiteoirí, modhnuithe saotharlainne NAT, lártheifneoirí táirgíochta MRTC, uasghrádú umair nitrigine leachtaí, trealamh cainníochtaithe Frith-D (Frith-C) agus críochnú tionscadal BOSS.

Bhí caiteachas athfhillteach a bhain le hathsholáthar bonneagar TF, gléasra agus trealamh míochaine eile. Ina theanntasan, tabhaíodh caiteachas ar chriptiú ríomhaire glúine agus USB, agus ar chóras ama & freastail AD.

Córais Airgeadais

I 2009, uasghrádaíodh crua-earraí, bogearraí agus an t-ardán Oracle dár gcóras AD/Párolla comhtháite.

Reachtaíocht um Íoc Pras

Comhlíonann an Bord riachtanais na Reachtaíochta um Íoc Pras, ach sa mhéid a luaitear thíos. An gnáthchairde a ghlacann an Bord, seachas má shonnraítear a mhalairt i sainsocruithe conartha, ná 30 lá ó dháta fála an tsonraisc nó ón am a dhearbhaítear go bhfuarthas earraí nó seirbhísí a chaithear a íoc. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú

go n íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dár chríoch 31ú Nollaig 2009, faoi théarmaí reachtaíochta infheidhmithe, bhí sonraisc de luach €460,921 35 lá mall ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 0.39% de réir lín agus 0.56% de réir luach na n-íocaíochtaí uile do sholáthróirí earraí agus seirbhísí le linn na bliana. Íocadh ús de €1,052.92 ar na híocaíochtaí malla uile. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a ghnáthaimh riaracháin chun cuidiú le híoslághdú an ama a ghlactar le fiosruithe agus le sonrasc a réiteach.

Comhaltaí an Bhoird i 2009

Ms Katharine Bulbulia

(Cathaoirleach, ceaptha 27.10.09)

Ms Maura McGrath

(Cathaoirleach, téarma in éag 31.08.09)

Mr David Keenan (athcheaptha 09.10.09)

Mr David Lowe (athcheaptha 10.12.09)

Mr Sean Wyse

Ms Jane O'Brien

An Dr Robert Landers (téarma in éag 11.06.09)

An Dr Margaret Murray (téarma in éag)

Ms Margraet Mullet (téarma in éag 31.08.09)

An Dr Mary Cahill

An Dr Cees van der Poel (d'éirigh as 15.12.09)

Ms Marie Keane (ceaptha 01.05.09)

Ms Sinead Ni Mhaille (ceaptha 01.09.09)

An Dr Paul Browne (ceaptha 01.09.09)

Ms Ann Horan (ceaptha 18.12.09)

Mr Gerry O'Dwyer (téarma in éag 31.08.09)

Mr Mark Moran

Sonraí Teagmhála

Iníúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Stáichiste
Clós an Chaisleáin Íochtarach
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Aturnaetha

McCann Fitzgerald Aturnaetha
Cois Abhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann

Lárionad Náisiúnta Fola

Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
f: 01/4322930
e: info@ibts.ie
www.giveblood.ie
Eolaslíne deontóra 1850 731 137

Ionad Chorcaí

Ospidéal Nmh. Fionnbarra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021/4807400
f: 021/4313014

Clinic Deontóra Bhaile Átha Cliath

2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

Clinic Deontóra Stigh Lorgan

6 Sean-Bhóthair Baile Átha Cliath
Stigh Lorgan, Co Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

Ionad Bhaile Átha Fhirdhia

Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia, Co Lú
t: 041/6859994
f: 041/ 6859996

Ionad Cheatharlach

Eastát Tionsclaíoch Bhaile Chearnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
f: 059/9132163

Ionad Luimnigh

Carrig House
Ascal Chloch Chéatainn
Páirc Ghnó an Ráithín
Luimneach
t: 061/306980
f: 061/ 306981

Ionad Thuama

Aonad 49
Páirc Gnó N17
Tuaim, Co na Gaillimhe
t: 093/70832
f: 093/70587





Lárionad Náisiúnta Fola

Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8

t: 01/4322800

f: 01/4322930

e: info@ibts.ie

www.giveblood.ie

Eolaslíne deontóra 1850 731 137